AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2026
COM(2026) 196 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

Staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmainn

1. RÉAMHRÁ

Is céim thábhachtach é an **Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann**[1] chun cur chuige cuimsitheach a fhorbairt maidir le himirce, tearmann, bainistiú teorainneacha agus imeascadh. Cuireann sé bonn láidir ar fáil le haghaidh bealach cothrom daingean níos éifeachtaí chun imirce agus tearmann a bhainistiú san Aontas, trí chóras cothrom dlúthpháirtíochta agus freagrachta a áirithiú. Tar éis idirthréimhse 2 bhliain i ndiaidh don Chomhshocrú teacht i bhfeidhm, beidh feidhm iomlán leis an 12 Meitheamh 2026, rud a chuirfidh tús le céim nua i mbainistiú imirce san Eoraip. Rinneadh obair mhór ionas go mbeidh córais an Aontais agus na córais náisiúnta faoi réir. Ar bhonn an Phlean Cur Chun Feidhme Choitinn[2], bhí na Ballstáit, an Coimisiún agus gníomhaireachtaí an Aontais ag obair i ndlúthchomhar lena chéile chun a áirithiú go dtabharfar i gcrích ar bhonn oibríochtúil an creat nua reachtach chun bainistiú imirce a rialú go héifeachtach laistigh den Aontas, chun ullmhacht agus athléimneacht a áirithiú agus an comhthéacs geopholaitiúil ag éirí níos casta, agus chun cothromaíocht a leagan amach idir dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chothrom na freagrachta.

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo **staid na himeartha maidir le cur chun feidhme** an Chomhshocraithe, agus dírítear ar an dul chun cinn a rinneadh ó mhí na Samhna 2025[3] agus sainaithnítear príomhréimsí le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta a shainaithint roimh theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe i mí an Mheithimh. Tugtar freagra sa tríú nuashonrú seo ar an gceanglas[4] faoin Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe.

Déantar **leasú ó bhonn ar chreat imirce agus tearmainn na hEorpa** leis an gComhshocrú. Éilíonn sé mórchlaochlú dlíthiúil agus oibríochtúil in éineacht le tiomantas polaitiúil leanúnach. Léiríonn an idirthréimhse 2 bhliain scála agus castacht an tacair athchóirithe seo: córas atá tógtha ar dheich gcinn de ghníomhartha reachtacha a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile, a n-éilíonn gach ceann acu cur chun feidhme comhordaithe agus comhtháite ar fud údaráis náisiúnta agus institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le dlíthe intíre, nósanna imeachta riaracháin, agus prótacail oibríochtúla a oiriúnú.

Tríd is tríd, **rinneadh dul chun cinn mór** le roinnt blianta anuas maidir leis an gcreat mór casta sin a chur chun feidhme. Go háirithe, ó mhí na Bealtaine 2026, tá roinnt mhaith de na Ballstáit ar tí a gcuid reachtaíochta náisiúnta a oiriúnú, an scagadh éigeantach agus na nósanna imeachta teorann a bhunú agus a eagrú, lena n-áirítear sásraí faireacháin neamhspleácha a bhunú, agus acmhainneacht ghlactha leordhóthanach a bhaint amach. Ghlac roinnt Ballstát céimeanna tábhachtacha freisin chun riaráistí agus moill ar nósanna imeachta tearmainn a laghdú, lena

[1] https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/pact-migration-and-asylum/legislative-files-nutshell_ga.
[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52024DC0251&qid=1776165824453.
[3] An Chéad Tuarascáil ar Staid na hImeartha maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhshocraithe, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0319&qid=1776165712928; an dara tuarascáil: Iarscríbhinn I a ghabhann le COM/2025/795 final.
[4] Airteagal 84(3) de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.

n-áirítear trí acmhainneacht a mhéadú agus oiliúint leormhaith a sholáthar, agus iarrachtaí á dtabhairt i gcrích acu an tráth céanna comhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar agus ailíniú le hobair na gcóras breithiúnach. Rinne na Ballstáit dul chun cinn freisin ó thaobh a gcuid acmhainneachta a threisiú chun a áirithiú gur féidir leo próiseáil éifeachtach a dhéanamh ar aistrithe freagrachta chuig an mBallstát atá freagrach as iarratas ar thearmann agus gealltanais dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, glacadh céimeanna móra freisin chun **creat an Chomhshocraithe a oibríochtú, a neartú agus a chomhlánú** a thuilleadh. Áirítear orthu sin glacadh an chéad Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta faoin timthriall bliantúil bainistithe imirce[5], atá á oibríochtú faoi láthair agus Comhordaitheoir Dlúthpháirtíochta an Aontais ag éascú na hidirghníomhaíochta agus an chomhair i measc Ballstát chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é ar bhealach cothrom agus éifeachtach; glacadh an Rialacháin cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce[6] chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athchóiriú ar rialacha Bhaile Átha Cliath; nó tugadh i gcrích clársceidealú straitéiseach chistí an Aontais ar fiú EUR 3 bhilliún iad chun tacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe agus chun daoine easáitithe ón Úcráin a óstáil[7]. Thairis sin, tháinig na rialacha leasaithe maidir le tríú tíortha sábháilte agus an chéad liosta de chuid an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh i bhfeidhm, agus tá an chaibidlíocht ag leanúint maidir leis an togra le haghaidh Rialachán um Fhilleadh[8] chun teacht ar chomhaontú go tapa maidir leis an bpíosa den Chomhshocrú atá in easnamh.

An tráth céanna, **tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun na bearnaí atá fágtha a laghdú.** Tá leibhéal na hullmhachta ar fud na mBallstát éagsúil, de réir mar a bhíonn dúshláin éagsúla le sárú acu. Is rud práinneach é go ndéanfadh na Ballstáit gach beart is gá chun cur a thuilleadh leis na bloic thógála, agus díriú go príomha ar na comhpháirteanna is tábhachtaí. Go háirithe, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear oiriúnú a reachtaíochta náisiúnta i gcrích in am; go ndéanfar príomh-fheidhmiúlachtaí Eurodac[9], an bunachar sonraí bithmhéadrach lárnach a thacaíonn leis an gComhshocrú, a thástáil agus a chur i bhfeidhm ina iomláine; agus go ndéanfar próisis soláthair agus tógála saoráidí sna suíomhanna sainaitheanta le haghaidh scagtha agus na nósanna imeachta teorann a bhrostú. Chuige sin, is gá do na Ballstáit a áirithiú go mbunófar a n-acmhainneacht leordhóthanach maidir le scagadh agus na nósanna imeachta teorann go tráthúil, lena n-áirítear bearta chun éalú agus gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc go héifeachtach, agus dlús a chur leis an gcomhar le tríú tíortha maidir le hathligean isteach daoine atá faoi réir an nós imeachta teorann um fhilleadh. Thairis sin, ní mór dlús a chur leis na céimeanna ullmhúcháin le haghaidh chur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha freagrachta agus

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2642 ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026.
[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bainistiú tearmainn agus imirce, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún.
[7] https://home-affairs.ec.europa.eu/news/european-commission-provides-additional-eur-3-billion-support-migration-and-asylum-management-2025-05-12_ga.
[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025PC0101.
[9] Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile.

le haghaidh aistrithe agus ní mór na coimircí agus na ráthaíochtaí dlíthiúla nua a chur i bhfeidhm in am, lena n-áirítear an sásra faireacháin um chearta bunúsacha. Idir an dá linn leantar den obair ar oibríochtú an tsásra dlúthpháirtíochta.

Taobh le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, tá **torthaí láidre á mbaint amach** cheana féin leis an gcur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus lenár n-iarrachtaí leanúnacha maidir le taidhleoireacht imirce le tríú tíortha. Tháinig titim 26% ar thrasnuithe teorann neamhdhleathacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais in 2025 i gcomparáid le 2024. Tá an líon daoine ar thángthas orthu agus iad ag iarraidh dul thar an teorainn go neamhdhleathach ag an leibhéal is ísle ó bhí 2021 ann. Tá sé sin ar fad de bharr athruithe beartais a thug an tAontas agus na Ballstáit isteach, de bharr ailíniú níos mó i measc na mBallstát, agus de bharr comhar neartaithe le tíortha comhpháirtíochta feadh príomh-bhealaí imirce.

Ag tógáil ar an spiorad sin, leagtar amach sa Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce[10] na **cuspóirí do na blianta amach romhainn:** an imirce neamhdhleathach a chosc agus samhail ghnó na líonraí smuigleála coiriúla a bhriseadh, daoine atá ar a dteitheadh ó chogadh agus ó ghéarleanúint a chosaint, agus tallann a spreagadh chun teacht chuig an Aontas chun iomaíochas ár ngeilleagair a neartú. Córas bainistithe tearmainn agus imirce a áirithiú atá daingean, cothrom agus éifeachtach bunaithe ar an gComhshocrú agus atá in ann oiriúnú agus freagairt d'fhorbairtí geopholaitiúla, beidh sé sin ina thosaíocht i gcónaí.

Chuige sin, **iarrann** an Coimisiún **ar gach Ballstát géarú a thuilleadh ar a gcuid iarrachtaí le haghaidh chur chun feidhme tráthúil an Chomhshocraithe.** Le linn do na Ballstáit déanamh amhlaidh, tá sé tábhachtach go rachaidís i bpáirt le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara eile, agus go mbeidís rannpháirteach leo, agus leas á bhaint as na hacmhainní uile atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus go náisiúnta. Tá an Coimisiún fós i dteagmháil leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann agus tá sé réidh chun leanúint de bheith ag soláthar na tacaíochta is gá.

Is céim thábhachtach é teacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe. Ní hé deireadh an phróisis é, áfach. **Ní mór leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha i bhfad tar éis mhí an Mheithimh** chun an córas nua Eorpach um bainistiú imirce a oibríochtú.

[10] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52026DC0045https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52026DC0045.



2. TORTHAÍ A BHAINT AMACH AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

In éineacht leis an Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce, glacadh **príomhthionscnaimh reachtacha** atá mar chuid den chur chuige cuimsitheach agus arb é is aidhm dóibh an Comhshocrú a thabhairt i gcrích agus a chomhlánú agus tháinig siad i bhfeidhm i mí Feabhra.

Leis na **rialacha athbhreithnithe maidir le tríú tíortha sábháilte**[11] tá sé níos éasca ag na Ballstáit iarratas ar thearmann a bhreithniú mar iarratas neamh-inghlactha nuair a d'fhéadfadh iarratasóirí cosaint éifeachtach a fháil i dtríú tír atá sábháilte dóibhsean agus i gcás ina scrúdófaí a n-iarratais ar chosaint. Ba cheart go gcuideodh sé sin ó thaobh an brú a éascú a thuilleadh ar chórais tearmainn náisiúnta agus dreasachtaí maidir leis an imirce neamhdhleathach a laghdú, agus coimircí dlí á gcoinneáil ar bun an tráth céanna agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán. Le **liosta** nua **an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh**[12] cuirtear cur chuige níos aonfhoirmí chun cinn ar fud na mBallstát nuair a bhítear ag láimhseáil iarratas ar dócha nach mbeidh aon bhunús leo, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann na héilimh sin a phróiseáil ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla trí nósanna imeachta brostaithe nó teorann.

Le roinnt míonna anuas, **lean an Coimisiún de bheith ag tabhairt tacaíochta d'iarrachtaí na mBallstát** a gcreataí dlíthiúla náisiúnta a chur in oiriúint. Áirithíodh go raibh comhordú ann, go háirithe tríd an gCoiste Straitéiseach um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA), agus idirphlé déthaobhach an Choimisiúin leis na Ballstáit. Is é an tArdán Dlúthpháirtíochta an príomhfhóram i gcónaí maidir leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme go dtí gur féidir le Fóram Leibhéil Theicniúil Dlúthpháirtíochta an Aontais

[11] Rialachán (AE) 2026/463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme choincheap an tríú tír shábháilte.
[12] Rialachán (AE) 2026/464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ:L_202600464.

dul i mbun oibre i mí an Mheithimh 2026. Lean na coistí teagmhála agus na grúpaí saineolaithe atá ann cheana de bheith ag plé agus ag tabhairt treorach maidir leis an gcreat dlíthiúil, agus iad á dhéanamh sin go minic trí chruinnithe comhpháirteacha de ghrúpaí difriúla chun cuidiú ó thaobh sineirgí a shainaithint ar fud na n-ionstraimí reachtacha agus chun dúbláil a sheachaint.

Tá an Coimisiún i mbun malartuithe tráthrialta le **Parlaimint na hEorpa**, go háirithe leis an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) agus leis an Mheitheal um Thearmann – Cur chun feidhme an Chomhshocraithe/an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn.

Táthar i mbun cainte leis an **tsochaí shibhialta** i bhfóraim éagsúla, lena n-áirítear an Fóram Eorpach um Imirce (bhí cruinniú ar siúl i mí na Samhna 2025) agus for-rochtain dhéthaobhach. Ar chuid den rannpháirtíocht a bhí le gréasáin na m**breithiúna** bhí obair le Gréasáin Eorpacha na gComhairlí um na Breithiúna (ENCJ) maidir leis an nós imeachta teorann, chun bealaí a shainaithint ina bhféadfaí tacaíocht a thabhairt do bhreithiúna náisiúnta leis na hathruithe nós imeachta a tugadh isteach leis an gComhshocrú.

Leanann **gníomhaireachtaí an Aontais**, go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), eu-LISA, Frontex, Europol agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun tacú leis an bpróiseas athchóirithe. Tá siad ag dul chun cinn mar a bhí beartaithe agus tá na treoirdhoiciméid, na teimpléid agus an t-ábhar oiliúna is gá ullmhaithe, i gcomhréir leis an bPlean Cur Chun Feidhme Coiteann. Leanann na gníomhaireachtaí freisin ag cur cúnamh saincheaptha ar fáil do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh, agus cuidíonn siad chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn as an nua agus atá ag athrú[13]. Tar éis chleachtaí píolótacha faireacháin EUAA san Eastóin agus san Ísiltír chun ullmhú do chur chun feidhme an tsásra nua chun cur i bhfeidhm teicniúil agus oibríochtúil an *acquis* tearmainn i ngach Ballstát a fhaire, tabharfar athbhreithniú den mhodheolaíocht faireacháin i gcrích faoi mhí an Mheithimh 2026 agus beidh na chéad trí Bhallstát faoi réir faireacháin sa dara leath de 2026[14].

Leanann an Coimisiún freisin ag tabhairt tacaíochta do na Ballstáit tríd an **Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil**. Tugtar tacaíocht leis an ionstraim d'ocht mBallstát[15] chun athchóirithe sonracha a leagtar amach ina bPleananna Cur Chun Feidhme Náisiúnta a chur chun feidhme, i gcomhar leis an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce (ICMPD) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Tá roinnt de na Ballstáit sin freisin ag gabháil don fhoghlaim idir piaraí trí phobal cleachtais, ina n-áirítear mar shampla ceardlanna téamacha agus

[13] Tá sonraí breise maidir le tacaíocht na ngníomhaireachtaí tugtha sna ranna ábhartha. Ina theannta sin, tugann EUAA tacaíocht i láthair na huaire do 12 Bhallstát bunaithe ar phleananna oibríochtúla comhpháirteacha, tá 36 oibríocht chomhpháirteach ag Frontex le Ballstáit agus le tíortha sa chomharsanacht, agus tá eu-LISA i gceannas ar an athchóiriú ar Eurodac.

[14] An Bhulgáir, Málta agus an tSlóvaic.

[15] An Bheilg, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Rómáin, an tSeicia agus an tSlóvaic.

malartuithe praiticiúla[16] agus bunaíodh í le tacaíocht ó ICMPD agus neartaíodh í trí rannpháirtíocht *ad hoc* roinnt gníomhaireachtaí de chuid an Aontais.

3. OIBRÍOCHTÚ NA MBLOC TÓGÁLA – NUASHONRÚ AR DHUL CHUN CINN

Le tacaíocht ón obair a dhéantar i gcoistí teagmhála an Choimisiúin, atá fós ag gabháil do threoir bhreise a fhorbairt agus a chuidíonn chun aghaidh a thabhairt ar fhiosruithe agus ceisteanna ar bith a thagann chun cinn, tá an **reachtaíocht náisiúnta is gá á cur i bhfeidhm.** In aon cheann déag ar a laghad de na Ballstáit tá an dréachtreachtaíocht sa nós imeachta parlaiminteach[17], agus tá formhór eile na mBallstát sna céimeanna deiridh d'ullmhú na dtograí is gá[18]. Ghlac cúig Bhallstát formhór na reachtaíochta náisiúnta ábhartha cheana féin[19].

Ar bhonn na riachtanas a sainaithníodh sna Pleananna Cur Chun Feidhme Náisiúnta, tugadh **clársceidealú straitéiseach an EUR 3 bhilliún** a leithdháileadh le haghaidh chur chun feidhme an Chomhshocraithe i gcrích i gcás 26 Bhallstát[20]. Leis an bpróiseas sin bhíothas in ann measúnú a dhéanamh ar na dúshláin atá os comhair na mBallstát, rud a chuidigh chun luach breise chistí an Aontais a uasmhéadú, agus a chuir leis an gcistiú ón Aontas atá ann cheana ó chláir náisiúnta agus ó bhuiséid náisiúnta. Faoi mhí Aibreáin 2026, bhí formhór de na leasuithe cláir gaolmhara glactha[21], agus tá an próiseas ar bun le haghaidh na leasuithe eile[22].

Na príomhdhúshláin foriomlána agus na chéad chéimeanna eile

Tá sé ríthábhachtach go **gcuirfidh** na Ballstáit **na coigeartuithe dlíthiúla is gá i gcrích** agus iad sin tá ag dréachtú na gcreat reachtúil is gá iad a chur ar aghaidh mar cheist phráinne.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar **úsáid acmhainní an Aontais** don Chomhshocrú, lena n-áirítear trí chruinnithe athbhreithnithe feidhmíochta don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus don Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV). Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit athbhreithniú sa dara leath de 2026 ar fheidhmíocht fhoriomlán an chláir bunaithe ar shonraí airgeadais maidir le hionsú na gcistí agus maidir le sonraí oibríochtúla ar dhul chun cinn i dtreo na gcuspóirí comhaontaithe. Is féidir cuid de bhuiséad 2026-2027 de Shaoráid Théamach AMIF a úsáid chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit, bunaithe ar riachtanais a

[16] Roinneann na Ballstáit uirlisí, teimpléid, sreafaí oibre agus eispéiris chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choitianta agus chun cóineasú cur chuige a chur chun cinn. Áirítear ar na hábhair réimsí amhail an Rialachán maidir le Scagadh, measúnuithe leochaileachta a dhéanamh agus comhairleoireacht dhlíthiúil.
[17] An Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair agus an Rómáin.
[18] Tá an Bheilg, an Laitvia, an Liotuáin, an Spáinn agus an tSualainn sna céimeanna deiridh den dréachtú nó tá bailchríoch curtha acu ar na dréacht-bhearta. Cé nach bhfuil an Danmhairg faoi cheangal ag an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, áireofar lena creat dlíthiúil nua an fhéidearthacht maidir leis an nós imeachta teorann maidir le tearmann a ghníomhachtú más gá.
[19] An Chipir, Éire, an Ghearmáin, an tSeicia agus an tSlóvaic.
[20] Níor iarr an Ungáir go fóill na leithdháiltí a bhaineann leis an gComhshocrú a sannadh.
[21] An Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc (IBTV), an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia (AMIF), an Liotuáin, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an tSualainn.
[22] An Bheilg, an Chipir, an Danmhairg, an Fhrainc (AMIF), an Laitvia (IBTV), Lucsamburg, an Pholainn, (IBTV). Tá Tíortha atá Comhlachaithe le Limistéar Schengen rannpháirteach in idirphlé tiomnaithe maidir leis an gComhshocrú straitéiseach féachaint le clár leasaithe a chur isteach faoin 12 Meitheamh 2026.

sainaithníodh le linn an mhalartaithe leanúnaigh faisnéise maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, agus tosaíochtaí eile á gcur san áireamh an tráth céanna. Ba cheart acmhainní an Aontais a úsáid chun saincheisteanna i réimsí atá ríthábhachtach do chur chun feidhme an Chomhshocraithe a chumhdach nó ní mór aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn tosaíochta i mBallstát ar leith mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar ullmhacht.

3.1. BLOC TÓGÁLA 1 – EURODAC

Tá dea-fheidhmiú Eurodac ríthábhachtach d'oibríochtú an Chomhshocraithe. **Is gá do na Ballstáit leanúint ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le eu-LISA** chun an cur chun feidhme a chomhordú agus, i gcás inar gá, treoir a iarraidh agus a fháil gan mhoill.

Ó lár mhí Aibreáin 2026, thuairiscigh aon Bhallstát déag go raibh siad ar tí tosú ag obair laistigh den chóras nua Eurodac faoi mhí an Mheithimh[23]. Thuairiscigh sé Bhallstát déag go bhfuil dúshláin éagsúla fós os a gcomhair, ach tá coinne acu leis go mbeidh siad in ann na saincheisteanna atá gan réiteach a réiteach in am[24]. I measc na bpríomhdhúshlán atá os comhair na mBallstát tá moill ar nósanna imeachta soláthair náisiúnta, agus dhearbhaigh aon Bhallstát déag go mbeidh siad ag brath ar an réiteach láraithe arna fhorbairt ag eu-LISA[25].

Tá feachtas tástála an chórais nua ina bhfuil na Ballstáit agus eu-LISA rannpháirteach, ag dul ar aghaidh. Mar a bhí coinne leis, léiríonn torthaí na tástála cá háit is gá athruithe a dhéanamh ar na cumraíochtaí teicniúla ar leibhéal náisiúnta. Chun na bearnaí a laghdú, beidh iarrachtaí comhbheartaithe de dhíth ar an leibhéal náisiúnta le cúnamh ó eu-LISA. Chun freagairt do na dúshláin sin, tugann eu-LISA aiseolas go tráthrialta ar cheisteanna i scríbhinn agus tá cruinnithe á n-eagrú leis an gCoimisiún agus le páirtithe leasmhara eile.

Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit i leith tacar garspriocanna chun comhlíonadh teicniúil maidir lena gcur chun feidhme a thástáil chomh maith lena bpróisis ghnó a thástáil. Tugadh aitheantas ag an 62ú cruinniú de Bhord Bainistíochta eu-LISA an 18 Márta go raibh dul chun cinn maith déanta ag roinnt mhaith Ballstát tríd is tríd, agus deimhníodh go bhfuiltear i mbun pleananna lena chur i mbun oibre i mí an Mheithimh 2026. An tráth céanna, is gá do roinnt Ballstát cur lena gcuid iarrachtaí go fóill toisc nár éirigh leo an gharsprioc tástála a comhaontaíodh an 15 Aibreán a chomhlíonadh. Ón 24 Aibreán, chuir naoi mBallstát déag a dtástáil comhlíontachta i gcrích[26]. Beidh ar na Ballstáit eile bailchríoch a chur ar thástáil den sórt sin gan mhoill. Ba cheart dóibh siúd a bhíonn ag brath ar chur chuige hibrideach maidir le cur chun feidhme[27] a bheith ag brath ar an rogha chúltaca ar fhaitíos go bhfuiltear ag baint

[23] An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Ghréig, Málta, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.
[24] An Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSlóvaic agus an Ungáir.
[25] Is é an réiteach lárnach, lena dtugtar deis do na Ballstáit oibríochtaí Eurodac a dhéanamh trí Chomhéadan Úsáideora Gréasáin, an rogha chúltaca do Bhallstát ag a bhfuil deacrachtaí le cur chun feidhme náisiúnta.
[26] An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.
[27] Is féidir leis na Ballstáit an Rialachán Eurodac a chur chun feidhme trína gcórais náisiúnta a chur in oiriúint bunaithe ar an Doiciméad maidir le Rialú Comhéadain Eurodac, tríd idirghníomhaíocht uathoibrithe (córas go córas) a cheadú idir na córais náisiúnta agus lárchórais Eurodac, nó trí úsáid a bhaint as WUI, arna fhorbairt ag

moille as saincheisteanna lena gcur chun feidhme go náisiúnta. Maidir le tástáil ar phróisis ghnó, is gá do na Ballstáit torthaí tástála leordhóthanacha a thaispeáint maidir leis na próisis ghnó ríthábhachtacha uile a luaithe is féidir; is gá do na naoi mBallstát nár thosaigh go fóill déanamh amhlaidh mar ábhar práinne[28].

Glacadh an Gníomh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le staitisticí traschórais[29] agus glacadh gach ceann ach ceann amháin de na leasuithe is gá atá le glacadh ag an gCoimisiún ar ghníomhartha neamhreachtacha chun tacú leis an gcreat idir-inoibritheachta idir córais faisnéise an Aontais[30]. Cuireann siad sin freisin ar a chumas don Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) úsáid a bhaint as Eurodac a luaithe agus a bheidh sé i mbun oibre faoi dheireadh 2026.

Leanann eu-LISA ag déanamh beart de réir a bhriathair laistigh d'amlíne dhocht. A bhuí dá cuid oibre, tá lárchóras Eurodac réidh anois chun na feidhmiúlachtaí uile is gá a láimhseáil[31]. D'éirigh le eu-LISA freisin Eurodac a chomhtháthú isteach sa chreat idir-inoibritheachta, rud a nascann an córas leis an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta, le Tairseach Chuardaigh Eorpach agus leis an tSeirbhís chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Ní mór díriú thar aon rud eile ar thástáil agus oiliúint lucht pearsanra Eurodac as seo go ceann roinnt míonna. Thionóil eu-LISA roinnt ceardlanna tiomnaithe maidir le tástáil agus feidhmiúlachtaí an Chomhéadain Úsáideora Gréasáin. Ba cheart d'Europol agus d'údaráis Bhallstáit a bhfuil sé cheart acu Eurodac a rochtain infheistiú in oiliúint leordhóthanach agus a nósanna imeachta oibríochtúla a thástáil dá réir sin. Chun a áirithiú go gcuirfear tús le hoibríochtaí go rathúil, tá sé ríthábhachtach réitigh TF agus crua-earraí gaolmhara a sholáthar (e.g. innill Eurodac) in am[32].

Ballstáit a roghnaigh cur chuige hibrideach maidir le cur chun feidhme ach atá i mbaol moille, caithfidh siad ullmhacht oibríochtúil a áirithiú bunaithe ar an réiteach lárnach agus tabhairt faoin tástáil ábhartha.

---

eu-LISA, rud lena bhfaighidh úsáideoirí deiridh oibríochtaí a dhéanamh tríd an gcomhéadan féin agus trína laghdaítear an gá a bheidh le cur chun feidhme ar bhonn náisiúnta. Tagraíonn cur chun feidhme hibrideach don úsáid a bhaintear as idirghníomhaíocht córas go córas le haghaidh na n-oibríochtaí is mó éileamh (e.g. tarchur tacar sonraí nua), agus bítear ag brath ar WUI le haghaidh oibríochtaí nach bhfuil an oiread éilimh ag baint leo.

[28] An Chróit, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ísiltír, an Laitvia, Málta, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Ungáir.

[29] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/533 ón gCoimisiún an 11 Márta 2026 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hábhar an staidrimh traschórais mhíosúil ina n-úsáidtear sonraí ó Eurodac, ón gCóras Faisnéise Víosaí, ón gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil agus ón gCóras Dul Isteach/Imeachta de bhun Airteagal 12(3) den Rialachán sin.

[30] Mar gheall ar chur is cúiteamh faoi amlíne seachadta nua don Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) athbhreithnithe, cuirtear siar an gníomh lena mbunaítear comhfhreagras idir VIS agus Eurodac.

[31] Mar gheall ar chomh dúshlánach leis an amlíne, tháinig an Coimisiún agus eu-Lisa ar chomhaontú maidir leis na feidhmiúlachtaí atá fíor-riachtanach le bheith i bhfeidhm i mí an Mheithimh. Beidh feidhmiúlachtaí eile ann faoi dheireadh na bliana.

[32] I measc na mBallstát ina bhfuil soláthar a bhaineann le Eurodac ag leanúint ar aghaidh agus ar an mbóthar ceart go ginearálta tá an Bheilg, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, Éire, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, Mála, an Ostair, an tSlóivéin agus an Spáinn. Chuir an Fhrainc agus an tSlóvaic an próiseas sin i gcrích.

3.2. BLOC TÓGÁLA 2 – CÓRAS NUA CHUN AN IMIRCE A BHAINISTIÚ AG TEORAINNEACHA SEACHTRACHA AN AONTAIS

Tá an líon Ballstát a bhfuil nó atá ar tí saoráidí glactha agus acmhainní daonna a chur i bhfeidhm chun **acmhainn leordhóthanach a bhunú do na nósanna imeachta teorann méadaithe** go dtí 15 ón nuashonrú deiridh[33]; is gá do na 11 Bhallstát eile[34] dlús a chur faoina gcuid iarrachtaí a n-acmhainneacht leordhóthanach a bhunú agus a bhaint amach. B'éigean do roinnt Ballstát réitigh shealadacha (eatramhacha) a shainiú fad agus atá saoráidí nua amhail lárionaid ilchuspóra á dtógáil[35]. Tá athchóiriú á dhéanamh ar láithreáin atá ann cheana féin chun na caighdeáin a theastaíonn faoin gComhshocrú a chomhlíonadh agus rinneadh socruithe chun éalú a chosc i roinnt Ballstát[36]. Bhí na suíomhanna ina ndéanann na Ballstáit na nósanna imeachta teorann le cur in iúl don Choimisiún faoi lár mhí Aibreáin 2026: go dtí an 4 Bealtaine, bhí fógra tugtha ag 17 mBallstát don Choimisiún maidir le suíomh den sórt sin[37]. Chun na sprioc-amanna nua le haghaidh an nós imeachta teorann a réamh-mheas, thug roinnt Ballstát sprioc-amanna isteach le haghaidh na gcúirteanna, agus/nó thriail siad acmhainneachtaí cúirte a mhéadú chun tranglam a sheachaint ag an gcéim achomhairc. Áirítear ar na bearta acmhainní foirne agus an bonneagar teicniúil a mhéadú, lena n-áirítear saoráidí le haghaidh cian-agallaimh[38]. Áirítear ar na bearta ullmhúcháin eile gnáth-nósanna imeachta agus treoirlínte oibríochtúla, nósanna imeachta digitiúcháin a chruthú nó a nuashonrú, agus córais choiteanna bainistithe cásanna a bhunú[39].

Tá an dréacht-treoirdhoiciméid maidir leis na nósanna imeachta teorann um thearmann agus filleadh á thabhairt cothrom le dáta ag an gCoimisiún bunaithe ar phlé le saineolaithe náisiúnta, gardaí teorann, oifigigh tearmainn agus oibrithe cásanna um fhilleadh. Leagtar amach i dTreoir Phraiticiúil nua EUAA maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Thearmann, a ghlac Bord Bainistíochta EUAA i mí an Mhárta 2026[40], na príomhghnéithe praiticiúla maidir le nós imeachta teorann éifeachtach.

[33] An Bheilg, an Chipir, an Chróit, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ísiltír, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSualainn.
[34] An Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Eastóin, an Iodáil, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Ungáir.
[35] E.g. An Eastóin, an Laitvia, i measc tíortha eile.
[36] E.g. an Eastóin, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, agus an Spáinn.
[37] An Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an tSualainn.
[38] Thug an Chróit agus an Ísiltír reachtaíocht nua isteach chun sprioc-amanna a leagan síos do na breithiúna. Rinne an Bheilg agus an Chróit infheistíocht in acmhainneacht amhail foireann nua agus/nó bonneagar teicniúil. Tá breis foirne á n-earcú san Iodáil le haghaidh coimisiúin agus cúirteanna tearmainn. Threisigh an Fhrainc an acmhainneacht atá ag na cúirteanna achomhairc maidir le cinntí um fhilleadh a athbhreithniú. Tá an Chipir i mbun an phróisis chun an Chúirt Idirnáisiúnta Riaracháin Cosanta a threisiú le ceathrar breithiúna.
[39] Na Ballstáit a thug treoirlínte agus nósanna imeachta oibríochtúla chun dáta: An Chróit, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin, Málta, an Ostair, agus an Spáinn. Na Ballstáit a rinne bearta chun nósanna imeachta a dhigitiú nó córais choiteanna bainistithe cásanna a bhunú: An Bheilg, an Chróit, an Eastóin, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, Málta, an Ostair, an tSeicia, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.
[40] https://www.euaa.europa.eu/publications/practical-guide-asylum-border-procedure.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag formhór na mBallstát maidir le **scagadh** éigeantach a chur ar bun agus a eagrú[41]. Thug thart ar dhá thrian de na Ballstáit fógra do na húdaráis scagtha inniúla roimh an sprioc-am 12 Meitheamh[42]. Is lucht pearsanra oiliúna a bhformhór cheana féin nó tá bailchríoch á chur acu ar phleananna i gcomhair oiliúna, agus tacaíocht ag roinnt mhaith – nó iad ag obair ar ábhar - ó EUAA agus Frontex, chomh maith le IOM[43]. Reáchtáladh treoirthionscadail scagtha, a eagraíodh le tacaíocht ó Frontex, EUAA agus Europol ar oileán Lampedusa agus sa tSicil, agus ag aerfort Liospóin agus ag an teorainn talún sa Rómáin. Tá tuilleadh forbartha á déanamh ag an gCoimisiún freisin ar a threoir maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Scagadh i bhfianaise nuashonrú a dhéanfar amach anseo ar an Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann. Cuireadh na modúil oiliúna maidir le scagadh, arna bhforbairt ag EUAA agus Frontex, ar fáil d'úsáideoirí ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2025. Thug an dá ghníomhaireacht ábhar a gcuid oiliúna le chéile chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú. D'fhorbair Frontex clár oiliúna do ghardaí teorann a théann in oiriúint do chomhthéacsanna náisiúnta. D'fhorbair EUAA modúl oiliúna 'Tús Eolais ar Scagadh i gComhthéacs na Cosanta Idirnáisiúnta' atá ar fáil ó mhí an Mhárta 2026[44]. Leis an mbosca uirlisí scagtha[45] a d'fhorbair Frontex agus EUAA comhlánaítear treoir an Choimisiúin, agus cuimsítear leis sraith teimpléad, ábhar treorach agus acmhainní praiticiúla. Agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón tástáil allamuigh san Iodáil agus sa Rómáin á n-ionchorprú, cuireadh bailchríoch ar an leagan deiridh de tháirgí insoláthartha an bhosca uirlisí um scagadh agus scaipeadh ar Bhallstáit iad lena n-úsáid, lena n-áirítear seicliosta oibríochtúil le haghaidh liachleachtóirí.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Ní mór do na Ballstáit beart a dhéanamh gan mhoill chun a áirithiú go ndéanfar scagadh agus na nósanna imeachta teorann a oibríochtú go hiomlán. Is amhlaidh an cás go háirithe do roinnt Ballstát[46] a dteastaíonn uathu **acmhainneacht leordhóthanach** a áirithiú. Cé go bhfuil roinnt Ballstát ag brath ar réitigh eatramhacha go dtí go mbeidh na saoráidí nua atá beartaithe réidh, tá sé tábhachtach go gcomhlíonann na réitigh sin na caighdeáin atá leagtha amach sa Treoir nua maidir le Dálaí Glactha agus go mbeidh dóthain foirne acu. Na Ballstáit nár thug fógra don Choimisiún go fóill maidir leis na suíomhanna ina ndéanfar na nósanna imeachta teorann, beidh orthu déanamh amhlaidh mar ábhar práinne[47].

[41] Tá an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, Éire, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Laitvia, an Spáinn agus an tSualainn ar an mbóthar ceart chun scagadh a chur chun feidhme; Tá an Iodáil réidh le haghaidh imircigh a thagann isteach ar muir.
[42] An Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Eilvéis, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iorua, an Íoslainn, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn.
[43] Áirítear air sin an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Iodáil, an tSlóvaic agus an tSeicia. Cuireadh bailchríoch ar an oiliúint uile sa Bhulgáir.
[44] Tá tuilleadh faisnéise maidir le an modúl ar fáil tríd an nasc seo: https://www.euaa.europa.eu/training-catalogue/introduction-screening-context-international-protection#section14332-1.
[45] Arna fhorbairt ag Frontex, EUAA agus ag an gCoimisiún le tacaíocht ó Europol agus saineolaithe na mBallstát.
[46] An Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Laitvia, an Pholainn, an Spáinn agus an Ungáir.
[47] An Ghréig, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ostair, an tSeicia, an tSlóivéin agus an Ungáir.

Chun an próiseas ag na teorainneacha seachtracha a bhainistiú, is gá do na Ballstáit a áirithiú nach dtéann daoine atá faoi réir an nós imeachta teorann isteach i gcríoch na mBallstát ach go bhfanann siad sna limistéir thiomnaithe. Bhain dúshláin le cleachtaí píolótacha scagtha maidir le héalú a chosc, agus as sin fágadh nach féidir aon tarchur éifeachtach a dhéanamh chuig an nós imeachta iomchuí ina dhiaidh sin. Ag foghlaim ón taithí sin, ní mór do na Ballstáit tús áite a thabhairt **do bhunú beart éifeachtach chun éalú agus gluaiseachtaí tánaisteacha** a chosc. Ní mór do na Ballstáit leas a bhaint as an tréimhse gabhála tosaigh ag údaráis forfheidhmiúcháin an dlí chun seiceálacha scagtha a dhéanamh, go háirithe na seiceálacha céannachta agus slándála agus clárú Eurodac. Ina theannta sin, i gcomhréir le hionstraimí dlí an Chomhshocraithe, is féidir leis na Ballstáit brath ar chur i bhfeidhm difreáilte srianta gluaiseachta, coinneála agus roghanna eile ar choinneáil chun éalú a chosc go héifeachtach, lena n-áirithítear comhréireacht agus urramú do chearta bunúsacha, lena n-áirítear athbhreithniú i gcás inar gá. Ina theannta sin, ionas go n-éireoidh le nósanna imeachta teorann, ní mór do thríú tíortha a ról a chomhlíonadh agus urraim a thabhairt do na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir lena náisiúnaigh féin a athligean isteach. Mar chuid d'fhor-rochtain taidhleoireachta imirce an Aontais, tá sé ag cur lena rannpháirtíocht le tríú tíortha ábhartha. Is gá do na Ballstáit dlús a chur faoi chomhar maidir le hathligean isteach ionas go gcuirfear imircigh neamhrialta ar ais go héifeachtach sula rachaidh an teorainn ama don nós imeachta teorann um fhilleadh in éag.

Bíonn scagadh agus na nósanna imeachta teorann ag brath ar chomhar éifeachtach na bpáirtithe leasmhara difriúla. Is gá an obair ullmhúcháin bhreise a dhíriú ar na dálaí a chruthú don chomhar sin, lena n-áirítear trí fhoirmeacha leictreonacha agus córais náisiúnta bainistithe cásanna, chun scrogaill nó bearnaí nós imeachta a sheachaint[48]. Táthar chun bailchríoch a chur ar shocruithe maidir le seiceálacha sláinte i roinnt Ballstát[49]. Tá sé tábhachtach go soláthraítear faisnéis in am le linn na céime scagtha chun deis a thabhairt do na Ballstáit rialacha a chur i bhfeidhm maidir le neamhchomhlíonadh i gcás inarb iomchuí. Ba cheart don scagadh gach imirceach a thagann isteach a chumhdach fiú nuair atá an líon imirceach a thagann isteach ard: chuige sin, is gá do phrótacail agus don treoir a bheith gairid agus dírithe ar phríomhghnéithe chun nósanna imeachta tapa a cheadú, agus cásanna a sheachaint nach ndéanfar scagadh ach ar roinnt de na himircigh a thagann isteach. Ba cheart iad sin a dhéanamh, a mhéid is féidir é, le linn do na húdaráis forfheidhmiúcháin dlí an duine a ghabháil ar dtús, ionas go gcuirfear cosc go bunúsach ar éalú gan iallach a bheith orthu cinntí aonair a ghlacadh maidir le coimeád nó srian ar shaoirse gluaiseachta.

Tá an Coimisiún i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann fós. Ina theannta sin, le cúnamh ó EUAA agus Frontex, tá ceardlanna atá dírithe ar chleachtas á n-eagrú ag an gCoimisiún leis na Ballstáit is mó a ndéantar difear dóibh[50]. Tá na ceardlanna saincheaptha do chomhthéacs náisiúnta sonrach gach Ballstáit, bunaithe ar a staid gheografach agus imirceach, ar chórais ghlactha dhifriúla agus ar chomhthéacsanna institiúide náisiúnta i gcoitinne. Ach na húdaráis náisiúnta agus na

[48] Tá dúshláin ghaolmhara éagsúla ann idir bonneagar TF a áirithiú agus na foirmeacha a fhorbairt, agus dul i ngleic le caomhnóireacht mionaoiseach neamhthionlactha, agus suíomhanna atá fós le hainmniú.
[49] Áirítear orthu sin an Eastóin, an Ghearmáin, an tSlóivéin agus an Spáinn.
[50] An Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn.

príomhpháirtithe leasmhara uile atá bainteach le cur chun feidhme an Chomhshocraithe a thabhairt le chéile, lena n-áirítear na breithiúna, is é is aidhm do na ceardlanna cuidiú chun próiseas gan uaim a chruthú, ón scagadh go dtí an nós imeachta scagtha teorann go dtí an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus na gnéithe teicniúla agus oibríochtúla uile is gá a chur i bhfeidhm a chumhdach. Chun an comhordú a shimpliú, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit pointí teagmhála náisiúnta i gcomhair scagtha a ainmniú chomh maith lena gcuid údaráis náisiúnta scagtha roimh mhí an Mheithimh 2026.

Amhail ó dheireadh mhí na Bealtaine, foilseoidh Eurostat ar a shuíomh gréasáin an liosta tíortha a bhfuil ráta íseal aitheantais acu d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta (20% nó níos lú), arb é ceann de na forais é le haghaidh an nós imeachta teorann éigeantach. Ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát dul i gcomhairle leis an liosta sin go rialta chun soiléire a áirithiú do na húdaráis chinntitheacha agus do na hiarratasóirí lena mbaineann, agus a chur i bhfeidhm coiteann á chur chun cinn ar fud an Aontais. Sa chomhthéacs sin, soláthróidh Toscaireachtaí an Aontais sna tíortha lena mbaineann faisnéis thráthúil ar an talamh freisin.

3.3. BLOC TÓGÁLA 3 - ATHMHACHNAMH A DHÉANAMH AR GHLACADH

Tá formhór na mBallstát ag tabhairt faoi athchóirithe páirteacha ar a gcórais ghlactha chun dul i dtaithí ar na rialacha nua, agus i gcás cúpla Ballstát is cuid d'athchóiriú sistéamach ar scála níos mó é sin[51]. Tugann roinnt Ballstát le fios go bhfuil dóthain acmhainneachtaí glactha acu[52], agus tá roinnt mhaith Ballstát ag tógáil saoráidí nua nó ag athchóiriú nó ag athmhúnlú cinn atá ann cheana[53]. Tá obair ag dul ar aghaidh i roinnt Ballstát chun ionaid ilchuspóireacha nua a chur ar bun[54]; tá na múnlaí agus na treoirphleananna a d'fhorbair EUAA agus an Coimisiún fós áisiúil chun na críche sin[55].

Leanann Ballstáit éagsúla dá gcuid oibre chun socruithe glactha éagsúla a chur ar bun do ghrúpaí éagsúla iarratasóirí. Bíonn na socruithe sin áisiúil chun freastal ar riachtanais daoine a bhfuil leochaileachtaí acu[56] nó ar theaghlaigh, agus chun saoráidí tiomnaithe a sholáthar le haghaidh cásanna aistrithe[57].

Snáithe ollmhór oibre do bheagnach gach uile Bhallstát i gcónaí is ea comhtháthú digiteach agus nascacht dhigiteach na gcóras bainistithe cásanna atá ann cheana a chur chun cinn, aistriú sonraí a fheabhsú agus rochtain ar fhaisnéis a éascú d'údaráis ábhartha, cé go bhfuil difríocht

[51] Éire, an Phortaingéil, agus an tSualainn. Tá an tSualainn ag aistriú ó chóiríocht phríobháideach go hionaid chomhchoiteanna.
[52] E.g. an Fhrainc, an Ghréig (an mhórthír), an Fhionlainn, an Liotuáin, Málta, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Spáinn.
[53] E.g. An Chróit, an Eastóin, an Iodáil, Málta, an Ostair agus an tSeicia. Tá coinne leis go mbeidh moill sa Bhulgáir, sa Chipir, sa Laitvia, sa tSlóivéin, sa tSlóvaic agus sa Phortaingéil.
[54] E.g. An Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóvaic.
[55] Tá na treoirphleananna sin á gcur i bhfeidhm ag EUAA i gcomhthéacs na tacaíochta don Rómáin.
[56] E.g. an Chipir, an Iodáil, Málta, an tSlóivéin agus an tSualainn.
[57] E.g. an Bheilg, an Chipir, an Ghearmáin, an Ísiltír, an tSlóivéin agus an tSualainn.

ag baint leis na cásanna agus le túsphointí[58]. Is dóigh go leanfaidh roinnt mhaith Ballstát le tionscadail chun córais bainistithe cásanna a chomhtháthú tar éis mhí an Mheithimh 2026.

Leantar den obair ar an gCoiste Teagmhála Glactha, agus iad ag díriú ar thrasuí na Treorach maidir le Dálaí Glactha 2024 agus ar an aistriú ón Treoir is infheidhme faoi láthair chuig an Treoir athmhúnlaithe. Áirítear leis sin freisin na forálacha maidir le húsáid srianta ar shaoire gluaiseachta, coimeád agus roghanna eile ar choimeád a dtabharfar mionsonraí maidir leo i dtreoirdhoiciméad speisialta. Roimh an sprioc-am chun an Treoir maidir le Dálaí Glactha a thrasuí i mí an Mheithimh, chuir Ballstát amháin in iúl go bhfuil an treoir trasuite ina hiomláine ann[59]. Agus leas á bhaint as obair a rinneadh i Líonra Glactha EUAA, d'fhoilsigh EUAA Treoir Phraiticiúil maidir le Lárionad Glactha a Bhainistiú[60] i mí na Nollag 2025. Cumhdaítear príomhghnéithe ann a bhaineann le bainistiú agus le heagrú na lárionad ghlactha agus dírítear go sonrach ar an gcéim tosaigh glactha agus ar an nasc chuig gnéithe nós imeachta. Cuirtear i dtábhacht ann freisin an ról tábhachtach atá ag rochtain ar luath-bhearta um imeascadh linn na céime glactha ó thaobh bunús a chruthú le haghaidh ionchuimsiú rathúil ina dhiaidh sin sa tsochaí óstach. Cumhdaíonn sé sin gnéithe den Treoir maidir le Dálaí Glactha: rochtain ar theanga, ar chúrsaí oideachais shibhialta agus cúrsaí gairmoiliúna, ar an margadh saothair, chomh maith le nósanna imeachta maidir le haitheantas do cháilíochtaí. I mí an Mhárta 2026, ghlac EUAA an leagan nuashonraithe de '*Operational Standards and Indicators on Reception including Vulnerability-related Aspects*' (Caighdeáin agus Táscairí Oibríochtúla maidir le Glacadh lena n-áirítear Gnéithe a bhaineann le Leochaileacht)[61]. Dírítear ann ar leanaí agus ar leochaileacht.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Ní mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí as a bhféadfadh moill sna nósanna imeachta teacht, acmhainneachtaí nua a chruthú i gcás ina dteastaíonn siad, nó dálaí cáilíochta leormhaithe a áirithiú sna saoráidí, maidir le riachtanais shonracha agus leochaileachtaí go háirithe i gcás leanaí, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha. I gcás inar gá, ní mór bearta idirmheánacha a chur i bhfeidhm chun acmhainneacht leordhóthanach a ráthú. Tá gá le hiarrachtaí go speisialta i gcás nach bhfuil aon phlean soiléir ag na Ballstáit chun acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha a bhunú nó i gcás inar chuir siad laghdú ar

[58] Tá obair ar siúl ar chórais TF a bhaineann le glacadh sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Liotuáin, san Fhionlainn, sa Fhrainc, san Iodáil, i Málta, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin, sa Spáinn agus i dtíortha eile. Cé go bhfuil ardchóras ag an bhFionlainn, ní mór tosaíocht a thabhairt do chúraimí i bhfianaise easpa saineolaithe TF. Ní chuirfear bailchríoch ar an obair uile sa tSlóivéin faoi mhí an Mheithimh 2026. Is léir go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh i dtíortha eile, amhail an Spáinn. Déanfaidh an Eastóin comhtháthú ar na córais TF tar éis mhí an Mheithimh faoi thionscadal difriúil agus áiritheofar go mbeidh an idirnascacht uile is gá i bhfeidhm faoi mhí an Mheithimh.

[59] An tSeicia.

[60] https://www.euaa.europa.eu/publications/practical-guide-management-reception-centre-arrival.

[61] Déanann an treoraíocht nuashonrú agus comhdhlúthú orthu seo a leanas: Treoraíocht maidir le Dálaí Glactha: Caighdeáin agus táscairí oibríochtúla (2016); Treoraíocht maidir le Dálaí Glactha do Leanaí Neamhthionlactha: Caighdeáin agus táscairí oibríochtúla (2018); https://www.euaa.europa.eu/publications/guidance-reception-operational-standards-and-indicators; https://www.euaa.europa.eu/publications/guidance-vulnerability-operational-standards-and-indicators.

acmhainneacht chun feidhme le déanaí[62]. Go háirithe sna cásanna sin, ní mór do na Ballstáit ábhartha a áirithiú go bhfuil aon bheart den sórt sin i gcomhréir leis an ngá foriomlán atá le córais ghlactha agus tearmainn atá dea-ullmhaithe.

Tá gníomhaíochtaí for-rochtana á n-eagrú ag EUAA chun uirlisí, treoraíocht agus oiliúint a chur chun cinn, agus leanfaidh sé ag eagrú ceardlanna téamacha agus cláir mhalartaithe do na Ballstáit. Ar iarraidh ón gCoimisiún, forbróidh EUAA treoraíocht maidir le samhlacha glactha.

Ní mór d'fhormhór na mBallstát an Treoir maidir le Dálaí Glactha a thrasuí go fóill agus na téacsanna ábhartha a chur in iúl don Choimisiún, mar aon le doiciméad míniúcháin faoin 12 Meitheamh. Molann an Coimisiún do na Ballstáit uile na húdaráis fhreagracha a shainaithint agus an fhaisnéis sin a chur in iúl a luaithe is féidir chun malartuithe maidir le cur chun feidhme a éascú.

Tá sonraí glactha cruinne agus iomlána lárnach chun bonn eolais a thabhairt don mheasúnú ar an staid ghlactha. Iarrtar ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar phríomh-tháscairí glactha don chéad Tuarascáil Eorpach eile um Thearmann agus Imirce. Ó 2027 ar aghaidh, tuairisceoidh na Ballstáit sonraí ansin do EUAA maidir le tacar iomlán táscairí glactha. Ní mór do na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar thuairisciú agus ar ghráinneacht na sonraí chun staitisticí inchomparáide agus iomlána a áirithiú.

3.4. BLOC TÓGÁLA 4 - NÓSANNA IMEACHTA TEARMAINN ATÁ COTHROM, ÉIFEACHTÚIL AGUS CÓINEASAITHE

Le liosta an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh a glacadh le déanaí tugtar an fhéidearthacht do na Ballstáit roinnt gnéithe den Rialachán a thús-ualú, go háirithe cur i bhfeidhm an ráta aitheantais 20% (nó níos ísle) mar fhoras le haghaidh nós imeachta brostaithe, agus an fhéidearthacht tíortha sábháilte tionscnaimh agus tríú tíortha sábháilte a ainmniú le heisceachtaí i gcás codanna sonracha de chríoch Ballstáit nó catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir.

Tá bearta á ndéanamh ag Ballstáit éagsúla chun dul i ngleic le riaráistí atá ann cheana agus chun feabhas a chur ar a mbainistiú cásanna. Áirítear leis sin foirne tiomnaithe a chur ar bun, foireann bhreise a fhostú, agus próisis a athchóiriú trí dhigitiú agus trí chórais chomhtháite bainistithe cásanna, agus sreafaí oibre agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú i measc páirtithe leasmhara éagsúla[63]. Tá roinnt Ballstát freisin ag baint leas as tacaíocht EUAA mar shampla chun nósanna imeachta a fhorbairt i gcomhar, imscaradh nó oiliúint a iarraidh, nó le haghaidh tacaíocht oibríochtúil[64]. Leanann roinnt mhaith Ballstát leis an teagmháil leis na

[62] Tá imní a bhaineann le glacadh, go háirithe maidir le mionaoisigh neamhthionlactha, fós sa Chipir, sa Bheilg, san Ísiltír agus sa Ghréig. Tá an Spáinn ag laghdú acmhainneachtaí i bhfianaise laghdú ar an líon imirceach atá ag teacht isteach. Rinneadh atheagrú san Fhrainc in 2025 ar a chóras aitheantais tríd an acmhainneacht chomhchineáil a laghdú agus liúntas airgeadais a thabhairt d'iarratasóirí nár deonaíodh tithíocht chomhchineáil dóibh (is féidir le Ballstáit dálaí glactha ábhartha comhchineáil a sholáthar nó é a dhéanamh trí airgead tirim / dearbháin).

[63] Áirítear ar na Ballstáit atá i mbun na n-athchóirithe éagsúla sin faoi láthair an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil agus an Spáinn.

[64] E.g. an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, an Liotuáin agus an Phortaingéil.

breithiúna agus tá bearta coincréiteacha á ndéanamh acu chun nósanna imeachta breithiúnacha náisiúnta a ailíniú le ceanglais an Chomhshocraithe, agus chun éifeachtúlacht na gcóras cúirteanna a neartú agus chun acmhainneacht a mhéadú ar mhaithe le hachomhairc a láimhseáil[65].

Tá EUAA ag obair ar roinnt táirgí a chuideoidh leis na Ballstáit nósanna imeachta nua um thearmann a rolladh amach. Foilsíodh Caighdeáin agus Táscairí Oibríochtúla EUAA maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn an 25 Samhain 2025[66], chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit nósanna imeachta tearmainn atá cothrom agus éifeachtach a bhaint amach agus an Comhchóras Eorpach Tearmainn a neartú ar leibhéal oibríochtúil. Leanann EUAA i mbun teagmhála gníomhaí freisin le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí ar théamaí éagsúla[67].

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Ní mór gníomhartha coincréiteacha a choinneáil ar bun agus, i roinnt cásanna, ní mór dlús a chur fúthu chun **riaráistí atá ann cheana a ghlanadh** agus cosc a chur ar chinn nua teacht chun cinn[68]. I measc roinnt de na bearta is gá do na Ballstáit a dhéanamh tá orthu próisis earcaíochta a thionscnamh go pras, bídís sealadach nó buan, agus an oiliúint is gá a chur ar fáil chun a áirithiú go mbeidh cur amach maith ag an bhfoireann ar an gcreat nua, agus d'fhéadfaí déanamh amhlaidh i gcomhar le EUAA[69]. I gcomhthráth le riaráistí a laghdú, ba cheart do na Ballstáit an cumas breithiúnach a neartú freisin. Ag cur san áireamh an riosca a bhaineann le córais chúirte lena mbaineann ualach iomarcach agus easnaimh foirne as a bhféadfadh sprioc-amanna níos giorra leanúint faoi na nósanna imeachta nua, ní mór do riaracháin náisiúnta a áirithiú go mbeidh comhordú éifeachtúil i measc na seirbhísí ábhartha.

Mar chuid d'obair ullmhúcháin na mBallstát, ní mór dóibh freisin na bearta is gá a dhéanamh agus, i gcás inar infheidhme, athruithe reachtacha a thabhairt isteach chun rochtain éifeachtach ar nósanna imeachta tearmainn a áirithiú, agus seasamh an tráth céanna leis an bprionsabal maidir le *non-refoulement*.

Faoin Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, éilítear ar na Ballstáit fógra a tabhairt don Choimisiún maidir leis na húdaráis náisiúnta ábhartha eile, seachas an t-údarás cinntitheach, atá freagrach as iarratais a fháil, chomh maith leis an údarás inniúil atá ainmnithe chun iarratais a chlárú faoin 12 Meitheamh 2026. Ní mór dóibh pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú freisin chun críocha an Rialacháin sin agus an Rialacháin Cáilitheachta araon agus a sonraí teagmhála a chur in iúl don Choimisiún. Roinnfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ansin leis na Ballstáit eile.

[65] An Bheilg, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóivéin agus an Spáinn.
[66] https://www.euaa.europa.eu/publications/operational-standards-indicators-asylum-procedure.
[67] https://www.euaa.europa.eu/sites/default/files/2025-11/2026_Courts_Tribunals_Schedule_Activities_EN.pdf.
[68] Áirítear ar na Ballstáit a bhfuil dúshláin fós rompu an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an Spáinn.
[69] Leanann EUAA ag tabhairt a mhodúil oiliúna cothrom le dáta agus ag dréachtú cinn nua. Go dtí seo, tugadh 26 modúl oiliúna cothrom le dáta nó dréachtaíodh as an nua iad, rud a fhágann go bhfuil an Curaclam Eorpach Tearmainn suas chun dáta leis an gComhshocrú.

3.5. BLOC TÓGÁLA 5 - NÓSANNA IMEACHTA NÍOS ÉIFEACHTÚLA AGUS NÍOS COTHROIME MAIDIR LE FILLEADH

I gcomhthráth leis na caibidlíochtaí maidir leis an Rialachán um Fhilleadh atá beartaithe, tá bearta praiticiúla agus oibríochtúla á sainiú ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ionas go mbeidh an filleadh chomh héifeachtúil agus is féidir. Rinne beagnach gach ceann de na Ballstáit coigeartú ar a gcreat nó ar a gcleachtais chun eisiúint cinntí um fhilleadh a ailíniú go dlúth le cinntí diúltacha maidir le tearmann i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Tá bearta breise á dtabhairt isteach ag na Ballstáit mar chuid de chomhiarrachtaí níos leithne chun próisis riaracháin a shimpliú agus a chuíchóiriú[70]. Ghlac na Ballstáit céimeanna chun a gcórais náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh a nuachóiriú: go nuige seo, le tacaíocht ó Frontex, chuir 22 Bhallstát[71] réitigh TF i bhfeidhm chun cásanna um fhilleadh a bhainistiú trí anailís ar bhearnaí a dhéanamh in aghaidh shamhail chóras TF (samhail RECAMAS).

Le tacaíocht ón gComhordaitheoir um Fhilleadh, leanann na Ballstáit agus Frontex dá gcuid iarrachtaí maidir le gníomhartha spriocdhírithe um fhilleadh agus ar bhearta oibríochtúla a chomhordú chun fillteacha chuig tríú tíortha ag a bhfuil tosaíocht a mhéadú. I gcás an nós imeachta teorann um fhilleadh, is mó seans atá ag na Ballstáit sin a bhfuil an líon is airde cásanna acu sa nós imeachta teorann náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh chuig grúpa tríú tíortha atá ábhartha go háirithe don Bhallstát faoi seach. Ba cheart fócas na mbeart comhordaithe a bheith ar oifigigh idirchaidrimh a imscaradh sna tríú tíortha sin, lena méadaítear an glacadh a bheidh le fillteacha deonacha, comhoibríochtaí um fhilleadh, agus uirlisí aitheantais.

Chruinnigh Frontex, i gcomhar le Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile, dea-chleachtais maidir le sainaitheantas agus doiciméadacht éifeachtach i dtaca le náisiúnaigh tríú tíortha le haghaidh a bhfillte. Beidh na dea-chleachtais, ina léirítear go sainráite na tréimhsí ama gearra agus na bacainní oibríochtúla a thugtar isteach leis an nós imeachta um fhilleadh, ar fáil do na Ballstáit sa dara ráithe de 2026.

Leanann na fillteacha ag a bhfuil tacaíocht ó Frontex ag dul i méid, agus beagnach leath de na fillteacha foriomlána ón Aontas in 2025 i gceist leo. Leanann obair oifigigh de chuid an Bhuanchóir, amhail Speisialtóirí Fillte (RS), Tionlacaithe Fillte agus Oifigigh Tacaíochta Frontex (FRESO) agus Lucht Faireacháin ar Chearta Bunúsacha, ag tabhairt tacaíochta do phróisis na mBallstát um fhilleadh. Chomh maith le himscaradh caighdeánach, tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht foirne a imscaradh ina bhfuil FRESO agus RS araon i mBallstáit. Leis sin bheifí in ann cur chuige níos comhordaithe a ghlacadh chun tacú leis an nós imeachta teorann um fhilleadh, ag gníomhú dó ar bhealach níos sofhreagrúla.

Sa chéad leath de 2025, lean na Ballstáit uile ag baint úsáid ghníomhach as Clár Frontex um Ath-imeascadh a sholáthraíonn cúnamh le hath-imeascadh faoi láthair in thart ar 40 Tír

[70] Áirítear air sin an Ostair, an Iodáil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Chipir (lárionad nua cuidithe deonach um fhilleadh do dhaoine leochaileacha), an Bhulgáir agus an tSeicia (filleadh deonach cuidithe), ar oifigí um fhilleadh: An Bhulgáir agus an tSualainn. Tá straitéis nua um fhilleadh á beartú ag an bPolainn agus iarrachtaí as an nua chun fillteacha a bhrostú.

[71] An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Eilvéis, an Fhionlainn, an Ghréig, an Iodáil, an Iorua, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin agus an Ungáir.

Thionscnaimh. Mar fhreagairt ar iarrataí na mBallstát, leanann Frontex de bheith ag soláthar tacaíocht fothú acmhainneachta spriocdhírithe do na Ballstáit chun an chomhairleoireacht maidir le filleadh agus ath-imeascadh a chuíchóiriú trí chúrsaí oiliúna tráthrialta agus iolraitheora.

I malartuithe le tríú tíortha, agus ar ócáidí amhail cruinnithe na bpróiseas réigiúnach ar imirce, léirigh an Coimisiún do chomhpháirtithe impleachtaí an nós imeachta teorann um fhilleadh agus an gá atá ann feabhas a chur ar an gcomhar foriomlán chun éifeachtúlacht na nósanna imeachta a mhéadú agus urraim a bheith do thréimhsí ama. Cuireadh na príomhghnéithe i láthair freisin ag Comhdháil Ambasadóirí an Aontais 2026.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Ionas go mbeadh na nósanna imeachta níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle teacht ar chomhaontú tapa maidir leis an Rialachán um Fhilleadh atá beartaithe. Thairis sin, cuirfidh an Coimisiún togra chun tosaigh maidir le digitiú bainistithe cásanna i réimse an fhillte, an athligean isteach agus an ath-imeasctha i mbliana.

Ba cheart do na Ballstáit an úsáid a bhaineann siad as na féidearthachtaí reatha atá ann maidir le tacaíocht Frontex um fhilleadh a mhéadú: faoi láthair, ní úsáideann ach trí Bhallstát níos mó ná 60 % den chineál sin tacaíochta. Tá an Coimisiún agus Frontex i dteagmháil leis na Ballstáit chun riachtanais oibríochtúla a shainaithint agus réitigh phraiticiúla a aimsiú maidir leis an nós imeachta teorann um fhilleadh a chur chun feidhme, lena n-áirítear i gceardlanna tiomnaithe. Leanfaidh Frontex ag saincheapadh na tacaíochta do Bhallstáit bunaithe ar thorthaí a shuirbhé bhliantúil.

Tá filleadh agus athligean isteach fós ar na príomhghnéithe den chur chuige cuimsitheach maidir le comhar imirce le tríú tíortha.Léirítear leis an taithí má chuirtear an oibleagáid maidir le náisiúnaigh an tríú tír féin a athligean isteach ar bhealach struchtúrtha, le rialacha soiléire agus comhaontaithe, go gcothóidh sé sin idirphlé tráthrialta. Téann an Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Nigéir, a thionscain na Páirtithe le déanaí, sa treo sin, agus soláthraíodh creat struchtúrtha comhair leis. Tá sé sin fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna coincréiteacha agus chun réitigh a shainaithint, bunaithe ar an toil pholaitiúil dul i mbun comhair. Dea-fheidhmiú an chomhair maidir le hathligean isteach le tríú tíortha a bhfuil a gcuid náisiúnach faoi réir an nós imeachta teorann um fhilleadh, is réamhchoinníoll lárnach é sin ionas go n-oibreoidh na nósanna imeachta teorann nua éigeantacha i gcleachtas. Sa chomhthéacs sin, tá sé fíor-riachtanach freisin comhordú a áirithiú idir Toscaireachtaí an Aontais agus ambasáidí na mBallstát ionas go mbeidh fianaise agus acmhainneacht leordhóthanach acu le haghaidh gníomhaíochta i dtríú tíortha, agus ionas go ndéantar filleadh agus athligean isteach a chomhtháthú isteach sa tacar níos leithne de leasanna an Aontais i dtaca leis an tríú tír lena mbaineann.

3.6. BLOC TÓGÁLA 6 - OBAIR FREAGRACHTA A DHÉANAMH

Tá dea-fheidhmiú rialacha reatha Bhaile Átha Cliath agus na rialacha nua faoin Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce ríthábhachtach don Chomhshocrú. Glacadh na

rialacha chun an córas freagrachta nua a chur chun feidhme i mí Dheireadh Fómhair 2025[72]. Tá acmhainneachtaí a gcuid aonad Bhaile Átha Cliath á neartú ag roinnt Ballstát trí earcaíocht nua nó trí aistrithe inmheánacha[73]. Tá bearta eile á nglacadh freisin ag na Ballstáit. Áirítear orthu sin atheagrú inmheánach, feabhas ar TF agus ar córais bainistithe cásanna, treoraíocht agus oiliúint nua, nósanna imeachta a athshainiú i gcomhair grúpaí agus teaghlaigh leochaileacha, saoráidí tiomnaithe nua a bhunú do dhaoine atá faoi réir aistrithe, agus bearta tacaíochta amhail seirbhísí comhairleoireachta[74].

I 'gCaighdeáin agus táscairí oibríochtúla nua de chuid EUAA ar an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce', a glacadh i mí an Mhárta 2026[75] agus a forbraíodh in éineacht leis na Ballstáit, déantar athbhreithniú agus nuashonrú iomlán ar na caighdeáin agus na táscairí atá ann cheana le haghaidh Rialachán Bhaile Átha Cliath III[76]. Tairgeann siad tacaíocht agus treoraíocht do na Ballstáit maidir leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce a chur chun feidhme, agus dírítear ar an sásra chun na Ballstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chinneadh, chun nósanna imeachta cothroma agus éifeachtacha a bhaint amach agus an Comhchóras Eorpach Tearmainn a neartú. Mar chomhlánú ar an treoraíocht sin, tá EUAA ag obair ar mholtaí nua le haghaidh réitigh phraiticiúla lena n-áirítear eagrú na n-aistrithe, comhordú idir páirtithe leasmhara ábhartha, cosc ar éalú agus a áirithiú go n-urramaítear cearta bunúsacha ar feadh an nós imeachta.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Chun aistriú inbhuanaithe ó chóras reatha Bhaile Átha Cliath chuig na rialacha nua freagrachta a áirithiú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcomhar oibríochtúil i measc Ballstát. Ba cheart do na Ballstáit a bheith ag gabháil go gníomhach d'aistrithe a éascú agus dul i gcomhar ar ábhair phraiticiúla agus lóistíochta. B'éigean do na Ballstáit fógra a thabhairt maidir lena suíomhanna ainmnithe i gcomhair aistrithe freagrachta faoin 12 Aibreán 2026[77]. Tá sé sin

[72] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bainistiú tearmainn agus imirce, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún.

[73] An Bheilg, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, Málta, an Ostair (aistrithe inmheánacha), an Phortaingéil agus an tSlóivéin

[74] E.g. atheagrú inmheánach sa Chróit agus in Éirinn; feabhas ar chórais TF agus ar chórais bainistithe cásanna sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Chipir, sa tSeicia, sa Danmhairg, sa Fhrainc, san Fhionlainn, in Éirinn agus san Iodáil; treoraíocht nua lena n-áirítear treoraíocht a bhaineann le grúpaí agus teaghlaigh leochaileacha san Ostair, sa tSeicia, sa Fhrainc agus in Éirinn; oiliúint bhreise san Ostair, sa tSeicia, sa Fhrainc, in Éirinn, sa Phortaingéil agus sa tSualainn; bunú saoráidí speisialta chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine i gcomhair aistrithe freagrachta sa Bheilg, san Fhionlainn, sa Ghearmáin agus sa tSlóivéin, ach comhairleoireacht fheabhsaithe freisin chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol éalaithe, i gcás na Beilge mar shampla.

[75] https://www.euaa.europa.eu/publications/operational-standards-indicators-asylum-migration-management-regulation.

[76] Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú).

[77] Thug na Ballstáit uile seachas an Ungáir fógra go dtí seo do EUAA maidir leis na suíomhanna ainmnithe.

ríthábhachtach don aistriú chuig an gcóras nua freagrachta. Fad agus atá athchóirithe ar bun, is ann d'easnaimh foirne i roinnt Ballstát agus is gá aghaidh a thabhairt orthu[78].

Tá an Coimisiún i ndlúth-idirphlé leis an Ballstáit chun a áirithiú go bhfuil na dálaí i bhfeidhm ionas gur féidir le haistrithe tarlú i dtreo na mBallstát uile i gcomhréir leis na rialacha nua a luaithe agus a bheidh siad ag tosú ag teacht i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún measúnú faoin 12 Iúil, agus arís faoin 15 Deireadh Fómhair, ar cé acu atá nó nach bhfuil cleachtais reatha maidir leis na rialacha aistrithe is infheidhme réitithe, agus go bhfágann sé sin go bhfuil easnaimh shistéamacha i gceist a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce.

Cuirfidh an Coimisiún bailchríoch ar na gníomhartha tarmligthe atá beartaithe faoin Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chun cur i bhfeidhm na rialacha maidir le mionaoisigh neamhthionlactha agus daoine cleithiúnacha a éascú, lena n-áirítear an fhreagracht a chinneadh bunaithe ar na critéir sin. Leantar den uasghrádú ar DubliNet ar bhonn an nóta coincheapa arna fhorbairt ag eu-LISA agus ag an gCoimisiún agus arna chomhaontú ag na Ballstáit i mí an Mheithimh 2024. Tá sonraí teicniúla agus oibríochtúla na cumarsáide idir na Ballstáit trí DubliNet á bhforbairt ag eu-LISA freisin.

3.7. BLOC TÓGÁLA 7 – AN DLÚTHPHÁIRTÍOCHT A CHUR AG OBAIR

I mí na Samhna 2025, seoladh an chéad timthriall bliantúil bainistithe imirce nuair a glacadh an Tuarascáil Eorpach um Thearmann agus Imirce, ina ndearnadh measúnú ar staid na himirce san Aontas agus sna Ballstáit don tréimhse ó mhí Iúil 2024 – Meitheamh 2025, agus inar sainaithníodh treochtaí agus forbairtí féideartha don bhliain amach romhainn[79]. Ar bhonn na dtorthaí ón tuarascáil, ghlac an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme[80] lena gcinntear na Ballstáit atá faoi bhrú imirce (An Chipir, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn), atá i mbaol brú imirce (An Bheilg, an Bhulgáir, an Eastóin. An Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn agus an Fhionlainn) agus aghaidh á tabhairt acu ar staid imirce shuntasach (an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Chróit, an Ostair agus an Pholainn). Tar éis an togra ón gCoimisiún le haghaidh gníomh cur chun feidhme ón gComhairle lena mbunaítear an comhthiomsú dlúthpháirtíochta, thionóil an Chomhairle Fóram Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta an Aontais áit ar gheall na Ballstáit a rannchuidithe dlúthpháirtíochta[81]. Ghlac an Chomhairle a chinneadh cur chun feidhme maidir leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta le haghaidh 2026 a bhunú an 19 Nollaig 2025, le huimhir thagartha 21 000 athshocrú nó foirmeacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta nó EUR 420 milliún i bhfoirm ranníocaíocht airgeadais[82]. Tá oibríochtú an Chomhthiomsaithe á ullmhú ag Comhordaitheoir Dlúthpháirtíochta an Aontais i láthair na huaire faoin Ardán Dlúthpháirtíochta[83].

[78] An Chróit, an Iodáil, an Phortaingéil agus an Rómáin.
[79] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52025DC0795.
[80] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2025 de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
[81] Gheall na Ballstáit uile seachas an Ungáir agus an tSlóvaic.
[82] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2642 ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026.
[83] Bhí cruinniú den Ardán Dlúthpháirtíochta ar siúl an 23 Márta 2026 chun ullmhú d'oibríochtú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta le haghaidh 2026, a luaithe agus a thagann an Comhshocrú i bhfeidhm.

Tugann Treoir Phraiticiúil EUAA maidir leis an Sásra Dlúthpháirtíochta, a glacadh i mí an Mhárta 2026[84], treoraíocht maidir leis an gcaoi a gcuirfidh údaráis náisiúnta an sásra dlúthpháirtíochta chun feidhme, go háirithe maidir le hathshocruithe. Díreofar i gcuid eile ar fhritháirimh freagrachta.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Tá an obair ag dul ar aghaidh maidir leis an gcéad Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme, agus tharla malartuithe idir an Coimisiún agus na Ballstáit uile i dtaca leis. Tionólfar Fóram Leibhéil Theicniúil Dlúthpháirtíochta an Aontais tar éis don Chomhshocrú teacht i bhfeidhm go hiomlán i mí an Mheithimh, chun oibríochtú an tsásra dlúthpháirtíochta a bhrú chun cinn bunaithe ar thogra an Chomhordaitheora Dlúthpháirtíochta maidir le leithdháileadh cothrom agus cóir an Chomhthiomsaithe i measc na mBallstát. Chun ullmhú dó sin, tá malartuithe domhain ag tarlú faoi láthair leis na Ballstáit uile san Ardán Dlúthpháirtíochta agus go déthaobhach leis na Ballstáit is tairbhithe agus is rannchuiditheoirí. Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair lena áirithiú go rannchuidíonn na Ballstáit uile leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta. Is rud lárnach go fóill do chur chun feidhme an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta nach ann d'easnaimh shistéamacha sna Ballstáit is tairbhithe i dtaca leis na rialacha maidir le freagracht faoin Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an chórais. Má bhraitear easnaimh den sórt sin, ní iarrfar ar Bhallstáit is rannchuiditheoirí a gcuid gealltanas a chur chun feidhme.

Tar éis an chéad timthriall bhliantúil bainistithe imirce a sheoladh, tháinig feabhas ar cháilíocht agus ar iomláine sonraí. Mar sin féin, tá tuilleadh oibre ag teastáil don chéad timthriall eile[85]. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar tuairisc ar shonraí agus ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil ar bhonn caoithiúil do chomhlachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe EUAA, Frontex agus Eurostat, mar atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce. Ba cheart go bhfágfadh an obair leanúnach chun samhail nua maidir le sreabhadh sonraí a bhunú go n-áiritheofaí tacar aonair staidrimh Eorpaigh oifigiúil maidir leis an gcosaint idirnáisiúnta[86]. Thabharfadh sé sin deis don Choimisiún tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht agus ar chuimsitheacht a chuid measúnaithe le linn dó staid na himirce a chinneadh sna Ballstáit.

3.8. BLOC TÓGÁLA 8 - ULLMHACHT AGUS PLEANÁIL THEAGMHASACH

Cuireann forbairtí geopholaitiúla le déanaí, amhail iad sin a bhaineann leis an Meánoirthear, i dtábhacht tuilleadh an tábhacht atá le hullmhacht agus le pleanáil theagmhasach. Mar a thug

[84] https://www.euaa.europa.eu/publications/practical-guide-solidarity-mechanism-part-i.

[85] Bunaithe ar an gcéad Tuarascáil Bhliantúil, bhí bearnaí móra sonraí i measc roinnt Ballstát, go háirithe sna réimsí a bhaineann le filleadh, cinntí achomhairc tearmainn, córais ghlactha, mionaoisigh neamhthionlactha agus fanacht go neamhdhleathach. Tuairiscíodh sonraí neamhiomlána nó sonraí a bhí ar iarraidh le haghaidh táscaire amháin nó níos mó sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Chipir, sa tSeicia, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Ungáir, in Éirinn, san Iodáil, sa Laitvia, i Lucsamburg, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa Spáinn.

[86] Cuireadh tionscadal comhpháirteach EUAA-EUROSTAT i bhfeidhm chun staidreamh maidir le cosaint idirnáisiúnta a chuíchóiriú. Tá socrú oibre le síniú idir an dá eintiteas faoi lár 2026 agus beidh an sreabhadh nua sonraí infheidhme ón mí thagartha mí Iúil 2025.

na Ceannairí sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach le fios i mí an Mhárta 2026[87], tá an tAontas réidh lena uirlisí taidhleoireachta, dlíthiúla, oibríochtúla agus airgeadais a chur in úsáid go hiomlán chun cosc a chur ar ghluaiseachtaí imirce neamhrialaithe chuig an Aontas agus chun an tslándáil san Eoraip a chaomhnú. Tá an Coimisiún agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais i mbun dlúthfhaireacháin ar na forbairtí agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar shreafaí imirce, lena n-áirítear trí luathrabhadh, réamhaisnéisiú agus samhaltú cásanna, chun feasacht staide a áirithiú agus tacú le freagairtí caoithiúla agus comhordaithe i gcás inar gá. Tá an Coimisiún, in éineacht le EUAA agus Frontex, i dteagmháil leis na Ballstáit i malartuithe tiomnaithe chun cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus pleanáil theagmhasach ag na teorainneacha seachtracha a phlé[88] agus i réimsí an tearmainn agus an ghlactha i gcás sreabha imirce méadaithe agus chun réimsí a shainaithint ina bhféadfadh gá a bheith le gníomhaíochtaí breise chun ullmhacht a fheabhsú.

Chuir na Ballstáit uile seachas ceann amháin[89] a gcuid pleananna teagmhasacha isteach chuig EUAA go dtí seo. Léiríonn formhór na bpleananna seo príomhghnéithe an teimpléid a d'fhorbair EUAA; mar sin féin, tá na pleananna éagsúil ó thaobh a leibhéil iomláine maidir le tearmann, glacadh agus mionaoisigh neamhthionlactha[90]. Mar obair leantach ar an staid imeartha roimhe seo maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, tá athbhreithniú nó comhlánú á dhéanamh ag roinnt Ballstát cheana féin ar a gcuid pleananna teagmhasacha[91]. Thuairiscigh cúpla Ballstát[92] freisin go ndearna siad tástáil agus cleachtaí samhaltaithe beartaithe nó le déanaí anuas ar a gcuid pleananna teagmhasacha éagsúla.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Ar an iomlán, baineann an leibhéal ullmhachta san Aontas agus sna Ballstáit maidir le bainistiú imirce tairbhe as cur chun feidhme fhorálacha nua an Chomhshocraithe. Leanann an Coimisiún agus EUAA ag obair leis na Ballstáit chun dea-chleachtais agus réimsí sna pleananna atá le neartú a shainaithint, lena n-áirítear faoin Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime. Go háirithe, bhainfeadh réimsí amhail nósanna imeachta tearmainn agus ceapachán ionadaithe agus líon cásanna na n-ionadaithe le haghaidh mionaoisigh neamhthionlactha tairbhe as feabhsú agus soiléireacht bhreise. Thairis sin, ní léir i roinnt cásanna cé acu atá nó nach bhfuil bearta ullmhachta (e.g. lóistíocht agus ullmhú soláthair, stoc-charnadh, oiliúint nó acmhainneacht ghlactha mhaolánach) i bhfeidhm cheana féin nó beartaithe. Ach tairseacha

[87] https://www.consilium.europa.eu/media/lwhk3itd/en-20260319-european-council-conclusions.pdf.
[88] Thug Frontex an Lámhleabhar maidir le Pleanáil Theagmhasach don Bhainistiú Teorann agus don Fhilleadh cothrom le dáta, arb éard atá ann tagairt phraiticiúil a dearadh chun cuidiú le pleananna teagmhasacha náisiúnta a ghníomhachtú, a thástáil agus a shainiú le haghaidh líon mór imirceach a thagann isteach agus le haghaidh géarchéimeanna eile ag teorainneacha seachtracha an Aontais.
[89] An Ungáir.
[90] E.g. An Eastóin, an Fhrainc, an Ísiltír, an Laitvia, an Ostair agus an Spáinn. Mar chuid den idirphlé a bhí ag an gCoimisiún leis na Ballstáit, thug roinnt de na Ballstáit, chomh maith leis an bPolainn, le fios go bhfuil athbhreithniú nó comhlánú á dhéanamh acu faoi láthair nó go bhfuil sé beartaithe acu é a dhéanamh ar a gcuid pleananna teagmhasacha. Thug Ballstáit eile le fios, i ngeall ar ullmhúcháin reachtacha agus riaracháin leanúnacha le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe, nach bhfuil athbhreithnithe ar na pleananna teagmhasacha beartaithe go fóill, nó nach meastar go ndéanfar iad go dtí níos déanaí, ach go bhféadfaí in ainneoin sin bearta a chur in úsáid i gcás ina mbeidh gá leo.
[91] E.g. an Eastóin agus an Ísiltír.
[92] E.g. thuairiscigh Málta, an Phortaingéil, an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil gníomhaíochtaí cleachtaidh a rinneadh le déanaí nó atá beartaithe a bhaineann lena bpleananna teagmhasacha faoi seach.

agus táscairí intomhaiste a shainaithint le haghaidh cásanna agus bearta freagartha difriúla d'fheabhsófaí leo sin éifeachtacht na bpleananna teagmhasacha. Rannchuideodh nósanna imeachta gníomhachtúcháin agus athbhreithnithe atá dea-shainithe lena stóinseacht freisin.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a gcuid pleananna, i gcás inar gá, iomlán, sainithe nó nuashonraithe, glactha agus fógartha do EUAA a luaithe agus a dhéantar athbhreithniú orthu. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit bearta fothaithe acmhainneachta iomchuí a áirithiú agus gníomhaíochtaí a phleanáil chun na pleananna teagmhasacha a thástáil (e.g. ionsamhlúcháin, cleachtaí barr tábla nó sásraí tástála struis eile). Ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do EUAA freisin má dhéantar an plean teagmhasacha a ghníomhachtú ón 12 Meitheamh 2026, nó roimhe sin má rinne an Ballstát an Treoir maidir le Dálaí Glactha a thrasuí agus má thosaigh sé á chur i bhfeidhm roimh an dáta sin[93].

Soláthraíonn EUAA tacaíocht theicniúil do na Ballstáit trí aiseolas struchtúrtha agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe, arna iarraidh sin dóibh. Go nuige seo, soláthraíodh aiseolas maidir le pleananna teagmhasacha náisiúnta do naoi mBallstát[94]. Thosaigh EUAA ag forbairt Treoir Phraiticiúil maidir le modheolaíocht na Pleanála Teagmhasaí le tacaíocht agus rannchuidiú ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ó Frontex, a mheastar a thabharfar chun críche in 2027. Is é is aidhm don Treoir Phraiticiúil treoraíocht struchtúrtha, phraiticiúil agus oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit chun tacú leis an athbhreithniú ar a bpleananna teagmhasacha náisiúnta. Déanfar measúnú ar phleanáil theagmhasach maidir le glacadh agus tearmann mar chuid de ghnáthchlár faireacháin ilbhliantúil EUAA. Cuirfear tús le faireachán iomlán ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh tar éis ghlacadh na modheolaíochta faireacháin athbhreithnithe, agus déanfar faireachán ar thrí Bhallstát, an tSlóvaic, Málta agus an Bhulgáir, sa chéad bhliain agus ar chúig Bhallstát ar an meán sna blianta ina dhiaidh sin.

3.9. BLOC TÓGÁLA 9 - COIMIRCÍ NUA D'IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA AGUS DO DHAOINE LEOCHAILEACHA, AGUS FAIREACHÁN MÉADAITHE AR CHEARTA BUNÚSACHA

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na socruithe le haghaidh comhairleoireacht dhlíthiúil agus faireachán ar chearta bunúsacha. Tá beagnach gach Ballstát gar do shocruithe a thabhairt i gcrích chun a áirithiú go gcuirfear comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil ag céim riaracháin an nós imeachta, cé nach mór fós d'aon trian de na Ballstáit na hathruithe reachtacha is gá a thabhairt chun críche[95]. Ar bhonn oibríochtúil, roghnaigh formhór na mBallstát oibriú le comhpháirtithe seachtracha éagsúla, le gníomhaireachtaí neamhspleácha agus/nó le dlíodóirí/comhlachais um chúnamh dlíthiúil nó le heagraíochtaí neamhrialtasacha[96], trí leanúint

[93] An 30 Iúil 2025, scaipeadh tásca comhpháirteacha ar na Ballstáit chun fógra a thabhairt don Choimisiún agus do EUAA maidir le gníomhachtú agus díghníomhachtú an phlean sna cásanna dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Dálaí Glactha.

[94] Ón 27 Márta, cuireadh aiseolas ar fáil don Ostair, don Chipir, don Liotuáin, don Eastóin, don Ísiltír, do Mhálta, do Lucsamburg, don Pholainn agus don tSualainn.

[95] Áirítear leis sin an Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, Málta, an Ostair, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.

[96] An Bheilg (ENRanna agus an Oifig Inimirce), an Bhulgáir (an Biúró Náisiúnta um Chúnamh Dlíthiúil), an Chróit (ENRanna), an tSeicia (gnólacht dlí), an Fhrainc (ENRanna), Éire (an bord um chúnamh dlíthiúil), an Iodáil (UNHCR), an Liotuáin (ráthaíocht Stáit), Lucsamburg, an Pholainn (ENRanna), an Phortaingéil (Comhlachas na nDlíodóirí), an Rómáin (ENRanna), an tSlóvaic (ENRanna), an Ostair, (BBU – comhlacht

de shocruithe atá ann cheana nó trí shocruithe nua a thabhairt isteach. Tá a socruithe maidir leis an sásra chun faireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha sna nósanna imeachta teorann á dtabhairt i gcrích ag gach Ballstát seachas roinnt Ballstát, go minic le hoifigí ombudsman náisiúnta[97].

Tar éis treoraíocht níos luaithe a fháil uaidh[98], d'fhorbair FRA uirlis faireacháin phraiticiúil ina leagtar amach modheolaíocht choiteann le haghaidh na sásraí faireacháin. I mí Aibreáin 2026, chuir FRA ceardlanna múscailte feasachta ar fáil freisin chun faireachán a dhéanamh ar an bhfoireann i roinnt Ballstát[99] agus d'fhoilsigh sé tuarascáil[100] ina raibh ceachtanna a foghlaimíodh ó obair oibríochtúil FRA sa Ghréig agus san Iodáil chun bonn eolais a chur faoi chur chun feidhme an Chomhshocraithe i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Chuir EUAA bailchríoch ar threoir phraiticiúil maidir le comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce ag céim riaracháin an nós imeachta tearmainn[101].

I ndáil le leanaí, tá na Ballstáit ag díriú ar dhálaí glactha iomchuí a áirithiú agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta measúnaithe aoise chun oiriúnú do na rialacha nua a tugadh isteach leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, go háirithe an oibleagáid cur chuige ildisciplíneach a chur i bhfeidhm a mbeidh painéil gairmithe cáilithe páirteach ann[102]. Pléadh na forálacha sonracha agus na coimircí coincréiteacha a bhaineann le leanaí, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha, den uair dheireanach ag cruinniú bliantúil an tsainghrúpa thiomnaithe i mí na Samhna 2025 agus ag an Meitheal um Thearmann i mí an Mhárta 2026. Rinneadh athbhreithniú ar mhodúl oiliúna EUAA maidir le leanaí sa phróiseas tearmainn i mí Dheireadh Fómhair 2025. Leis an Treoir Phraiticiúil maidir le Measúnú Aoise[103], soláthraítear treoraíocht chuimsitheach chun tacú le húdaráis agus gairmithe a bhfuil baint acu le measúnú aoise nuair a bhíonn éiginnteacht ann faoin aois a mhaítear. D'fhoilsigh EUAA Tuarascáil ar Chleachtais Measúnaithe Aoise freisin i mí an Mhárta 2026[104]. Déantar mapáil sa tuarascáil ar chleachtais, modhanna, coimircí agus róil measúnaithe aoise san Aontas+ in 2025, lena gcumhdaítear freisin coigeartuithe atá beartaithe nó atá ar siúl faoi láthair i bhfianaise chur chun feidhme an Chomhshocraithe agus sainaithnítear treochtaí agus

---

rialtais atá neamhspleách ar ghníomhaireacht tearmainn), an tSlóivéin (tairiscint phoiblí atá á hullmhú chun cúnamh dlí a sholáthar), an tSualainn (ENRanna), an Eastóin (soláthar ar siúl) agus an Laitvia. Tá an Ghearmáin, an Fhionlainn, Málta agus an Ísiltír ag brath ar shocruithe inmheánacha laistigh de na comhlachtaí rialtais atá freagrach as nósanna imeachta freisin.

[97] An Ostair, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc (mar aon leis an *Contrôleur général des lieux de privation de liberté*), an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn. Roghnaigh Ballstáit eile socruithe éagsúla: Éire (Príomhchigire um Nósanna Imeachta Tearmainn agus Teorann), an Ghearmáin (*Nationale Stelle zur Verhütung von Folter & Deutsches Institut fuer Menschenrechte*), an Ísiltír (an Institiúid um Chearta an Duine agus Cigireacht na hÍsiltíre) agus an Chróit (an oifig rialtais um chearta an duine). Níor thug an Bheilg, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, Málta ná an tSualainn socruithe i gcrích go fóill.

[98] https://fra.europa.eu/en/publication/2024/border-rights-monitoring.

[99] An Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin. Sa Rómáin, rinneadh tástáil ar an uirlis faireacháin phraiticiúil ag cleachtadh ionsamhlúcháin scagtha.

[100] https://fra.europa.eu/en/publication/2026/operationalising-pact-migration-and-asylum-hotspot.

[101] https://www.euaa.europa.eu/publications/practical-guide-free-legal-counselling.

[102] Is beag Ballstát a bhfuil nós imeachta ildisciplíneach i bhfeidhm acu: An Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Chróit, an Liotuáin, an Iodáil, an Iorua, an Phortaingéil agus an tSualainn.

[103] https://www.euaa.europa.eu/publications/practical-guide-age-assessment-0.

[104] EUAA: Cleachtais Measúnaithe Aoise i dTíortha AE+, https://www.euaa.europa.eu/publications/age-assessment-practices-eu-countries-0.

cleachtais a bhfuil gealladh fúthu. Ghlac Bord Bainistíochta EUAA an Treoir Phraiticiúil maidir le Leasanna an Linbh i mí an Mhárta[105]. Tá nuashonrú á dhéanamh ag FRA ar Lámhleabhar 2014 maidir le leanaí atá díothach ó thaobh tuisteachúraim de[106].

Chun leochaileachtaí a shainaithint, rinne EUAA athbhreithniú ar na modúil oiliúna maidir le híospartaigh an fhoréigin inscne-bhunaithe i mí na Samhna 2025 agus maidir le hiarratasóirí a bhfuil gnéaschlaontaí, féiniúlachtaí agus léirithe inscne éagsúla acu, agus a bhfuil saintréithe gnéis éagsúla acu i mí Feabhra 2026. Áirítear sa bhosca uirlisí scagtha nua freisin iarscríbhinn maidir le réamhsheiceálacha leochaileachta a dhéanamh, ar cuireadh oiliúint shaincheaptha ar fáil ina leith[107]. Maidir le fillteacha, tá feidhmchlár móibíleach á fhorbairt ag Frontex, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, maidir le bheith ag obair le grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear seiceáil leochaileachta freisin.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Na Ballstáit nach bhfuil socruithe sainithe acu go fóill chun comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce a chur ar fáil ag an gcéim riaracháin[108] nó an sásra chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach sa nós imeachta teorann[109], ba cheart dóibh déanamh amhlaidh a luaithe is féidir. Ba cheart do na Ballstáit uile aghaidh a thabhairt ar aon saincheist atá fós gan réiteach a bhaineann le maoiniú, soláthar foirne agus oiliúint leordhóthanach a áirithiú, agus línte soiléire freagrachta agus cuntasachta a shainiú (i gcás ina roinntear an ról sin i measc gníomhaithe iomadúla, ba cheart príomhghníomhaí soiléir a ainmniú). Tar éis na treoraíochta uaithi i mí na Nollag 2024 maidir leis an Sásra a bhunú, tá treoraíocht mhodheolaíoch á hullmhú ag FRA anois chun tacú le hobair lucht faireacháin amach anseo.

Ba cheart do na Ballstáit méadú ar a gcuid iarrachtaí chun an córas caomhnóireachta a threisiú chun a áirithiú go gceapfar mionaoisigh neamhthionlactha go tráthúil agus go mbeidh líon leordhóthanach ionadaithe ar fáil lena gceapadh dóibh, go n-urramófar cearta an linbh, lena n-áirítear rochtain ar oideachas agus ar chúram sláinte, agus coimircí do leanaí i ndáil le glacadh, na nósanna imeachta teorann agus coinneáil. I gcás roinnt mhaith de chóras na mBallstát, ní mór teagmháil a dhéanamh le gníomhaithe agus údaráis éagsúla, amhail seirbhísí leasa leanaí. Ar an gcaoi chéanna, ní mór do na Ballstáit dlús a chur leis na hullmhúcháin chun a áirithiú gur féidir leo cur chuige ildisciplíneach a chur i bhfeidhm maidir le measúnú aoise, lena n-áirítear ag na teorainneacha.

[105] https://www.euaa.europa.eu/publications/practical-guide-best-interests-child, EUAA: Treoir phraiticiúil maidir le leas an linbh faoi chuimsiú na cosanta idirnáisiúnta.
[106] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha: Caomhnóireacht do leanaí atá díothach ó thaobh tuisteachúraim de. https://fra.europa.eu/en/publication/2014/guardianship-children-deprived-parental-care
[107] Oiliúint EUAA: Leochaileacht sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. https://www.euaa.europa.eu/training-catalogue/vulnerability-pact-migration-and-asylum
[108] An Chipir, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia agus an Ungáir.
[109] An Bheilg, an Iodáil, Málta agus an Ungáir.

3.10. BLOC TÓGÁLA 10 - ATHLONNÚ, IONCHUIMSIÚ AGUS IMEASCADH

I bPlean 2 bhliain an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil le haghaidh 2026–2027, a ghlac an Chomhairle an 18 Nollaig 2025[110], leagtar amach an chéad timthriall débhliantúil d'iarrachtaí comhordaithe um athlonnú agus um ligean isteach ar fhoras daonnúil de chuid an Aontais. Bunaithe ar ghealltanais dheonacha ó naoi mBallstát, déantar foráil sa Phlean maidir le 10 430 conair shábháilte agus dhlíthiúil do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu thar an tréimhse 2 bhliain, rud a mhéadaíonn an comhar le príomhthríú tíortha a bhfuil pobail easáitithe á n-óstáil acu. Tháinig an Plean, a ullmhaíodh i gcomhairle leis an gCoiste Ardleibhéil um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, agus rannchuidithe na mBallstát agus measúnú UNHCR ar riachtanais dhomhanda á gcur san áireamh, i bhfeidhm an 11 Eanáir 2026. Chun tacú le cur chun feidhme an Phlean, tá an nuashonrú ar a mhodúil oiliúna maidir le conairí comhlántacha agus maidir leis an gcéim roghnúcháin i gcomhthéacs an athlonnaithe agus an ligin isteach ar fhoras daonnúil tugtha chun críche ag EUAA.

Cuidíonn bealaí dlíthiúla le tríú tíortha freisin le bainistiú éifeachtach imirce agus le himeascadh imirceach. Sa Straitéis Víosaí[111] agus sa Mholadh maidir le Tallann a Mhealladh le haghaidh Nuálaíochta[112] ó mhí Eanáir 2026, leagadh amach creat nua le haghaidh beartas víosaí agus cuireadh moltaí chun cinn chun an tAontas a dhéanamh níos tarraingtí do ghairmithe ardoilte, do mhic léinn, do thaighdeoirí agus d'fhiontraithe nuálacha chun tacú le hiomaíochas an Aontais i gcomhthéacs domhanda. Sheol an Coimisiún an tArdán Meallta Tallainne le haghaidh Nuálaíochta freisin agus eagraíodh an chéad chruinniú i mí an Mhárta 2026 agus tá an dara cruinniú beartaithe do mhí an Mheithimh 2026.

Ina bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme, chuir roinnt Ballstát in iúl nach mór níos mó infheistíochta a dhéanamh i mbearta breise um imeascadh nó tacú leo, lena n-áirítear teanga agus imeascadh sibhialta, agus tacaíocht do himeascadh i margadh an tsaothair trí aitheantas do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna a éascú. Tá an obair sin ar siúl faoi láthair, agus déanann Ballstáit éagsúla riachtanais bhreise a mhapáil agus a mheasúnú chomh maith le hathchóirithe a chur i bhfeidhm[113]. Ó mhí na Samhna 2025, tá straitéis maidir le himeascadh níos leithne glactha ag Ballstát amháin eile[114]. Díríonn roinnt Ballstát a n-iarrachtaí ar ghnéithe sonracha den imeascadh, amhail cúrsaí teanga nó oiliúint shibhialta nó tá uirlisí TF a bhaineann go sonrach leis an imeascadh á bhforbairt acu[115]. Dhírigh cruinniú an Líonra Eorpaigh um Lánpháirtiú i mí na Nollag 2025 ar dhúshláin agus ar dhea-chleachtais chun a áirithiú gur féidir le himircigh a bhfuil an iliomad bacainní rompu maidir le himeascadh i margadh an tsaothair

[110] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2628 ón gComhairle an 18 Nollaig 2025 maidir le Plean an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil (2026-2027).
[111] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le straitéis beartais víosaí an Aontais, COM(2026) 43 final.
[112] Moladh (AE) 2026/311 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2026 maidir le daoine tréitheacha a mhealladh le haghaidh na nuálaíochta.
[113] Oibríonn an Ostair, an Bheilg, an Eastóin, an tSeicia agus an Laitvia ar chórais atá ann cheana a oiriúnú agus ar chomhpháirteanna nua a chur leo. Tá athchóiriú sistéamach á dhéanamh ag an bPortaingéil.
[114] An Chipir. Ó mhí an Mhárta 2026, tá straitéisí maidir le himeascadh imirceach glactha ag na Ballstáit uile seachas an Ungáir agus an Rómáin ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Tá nuashonrú ar a Plean Náisiúnta maidir le Lánpháirtiú á ullmhú ag an Iodáil faoi láthair.
[115] E.g. an Eastóin agus an tSeicia.

(e.g. iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta, mná imirceacha a bhfuil leochaileachtaí acu) rochtain a fháil go tapa agus go hinbhuanaithe ar fhostaíocht agus ar oiliúint a bhaineann le fostaíocht.

Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile

Táthar ag díriú anois ar chur chun feidhme Phlean an Aontais um Athlonnú agus um Chabhair Dhaonnúil 2026-2027. Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí. Tionólfar an Coiste Ardleibhéil um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil tar éis shamhradh 2026 chun malartú a dhéanamh leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le cur chun feidhme Phlean an Aontais.

Tá éagsúlacht mhór fós idir bearta tacaíochta um imeascadh ó thaobh cuimsitheachta agus cáilíochta de ar fud na mBallstát. Ní mór do roinnt Ballstát a n-iarrachtaí a mhéadú chun bearnaí sa rochtain ar bhearta um imeascadh saor in aisce a chumhdach[116], lena n-áirítear cúrsaí teanga agus cúrsaí insealbhaithe saoránachta, nach bhfuil ar fáil go fóill i ngach Ballstát; tacaíocht do himeascadh i margadh an tsaothair, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le fostaíocht agus seirbhísí a thairgeann oifigí fostaíochta; agus rochtain ar nósanna imeachta chun cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú. Tá sé tábhachtach bogadh ó ghníomhaíochtaí treallacha tionscadalbhunaithe go tacaíocht[117] don imeascadh struchtúrach agus obair leantach a dhéanamh ar ghealltanais lena ngabhann gníomhaíocht shoiléir[118]. Chun éifeachtacht a dtacaíochta a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit aistriú rianúil a chur chun cinn idir bearta luaithe um imeascadh d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus bearta do thairbhithe. Ba cheart dóibh freisin bearta a dhéanamh atá oiriúnaithe do riachtanais shonracha agus deireadh a chur le bacainní ar mhná agus ar leanaí nó ar ghrúpaí sonracha amhail daoine a bhfuil riachtanais mheabhairshláinte acu[119]. Tá an Coimisiún réidh chun treoir bhreise a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as cistí an Aontais um imeascadh amhail AMIF, Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a mhalartú[120].

4. CONCLÚID

Is suntasach an dul chun cinn atá déanta cheana féin ag na Ballstáit, ag institiúidí agus ag Gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag páirtithe leasmhara eile le linn na hidirthréimhse as ar eascair cur i bhfeidhm iomlán an Chomhshocraithe i mí an Mheithimh. Mar sin féin, i gcás cúraim atá chomh mór agus chomh casta sin agus a bhfuil baint ag go leor gníomhaithe leis go hinmheánach agus go seachtrach araon, tá dúshláin fós ann. Táimid ag céim inar gá do na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóirithe náisiúnta agus tús áite a thabhairt do bhunú na nósanna imeachta agus an bhonneagair nua is gá chun go bhfeidhmeoidh an Comhshocrú. Go háirithe, ní mór an Eurodac nua, scagadh agus na nósanna imeachta teorann éigeantacha, bearta chun na rialacha freagrachta nua a chur i bhfeidhm agus na coigeartuithe is

[116] E.g. an Bhulgáir, an Chróit, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Pholainn.
[117] E.g. an Chróit, an Ghréig, an Ungáir, an tSlóvaic agus an Rómáin.
[118] E.g. an Bhulgáir.
[119] Féach https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52025SC0162.
[120] D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí Chomhphobal Cleachtais CSE+ maidir le hImircigh a Lánpháirtiú. https://socialinnovationplus.eu/cop/migrant-integration/.

gá ar an reachtaíocht náisiúnta a bheith i bhfeidhm i mí an Mheithimh. Is mithid anois aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann. Tá an Coimisiún agus gníomhaireachtaí an Aontais tiomanta i gcónaí cuidiú leis na Ballstáit an creat nua a chur chun feidhme go rathúil agus in am.

D'fhonn an chothromaíocht idir an dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir na freagrachta a leagtar amach sa Chomhshocrú a áirithiú, tá an Coimisiún ag obair freisin i dtreo dháileadh cothrom an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta agus a oibríochtaithe a luaithe is féidir tar éis don Chomhshocrú teacht i bhfeidhm go hiomlán. Tá feidhmiú éifeachtach an tsásra dlúthpháirtíochta fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Comhshocrú. Ní mór do na Ballstáit uile rannchuidiú leis an sásra dlúthpháirtíochta i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, agus déanfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun a áirithiú go n-urramóidh na Ballstáit uile na hoibleagáidí sin. Thairis sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú i mí Iúil agus arís i mí Dheireadh Fómhair ar cé acu atá nó nach bhfuil na cleachtais reatha maidir leis na rialacha aistrithe is infheidhme fós ann agus, dá bhrí sin, an gcuimsítear leo easnaimh shistéamacha a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce.

Tar éis mhí an Mheithimh, leanfar den obair do na Ballstáit, don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go comhpháirteach go mbeidh gach gné den chóras imirce Eorpach nua i bhfeidhm agus éifeachtach. Seolfaidh an Coimisiún an dara Timthriall Bliantúil Imirce i mí Dheireadh Fómhair 2026, lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil ar Thearmann agus Imirce, ina dtabharfar forléargas cuimsitheach ar staid an tearmainn agus na himirce san Aontas agus ina ndéanfar measúnú ar staid na himirce atá os comhair na mBallstát.